

**UCC Library and UCC researchers have made this item openly available.
Please [let us know](#) how this has helped you. Thanks!**

Title	Caoineadh ar an Ridire Séamas mac Éamoinn Mac Coitir (c.1630-1705): Is och im chliabh 's is diachair phéine le hUilliam Mac Cartáin an Dúna
Author(s)	Ó Murchú, Tomás L.
Publication date	2016
Original citation	Ó Murchú, T. L. (2016) 'Caoineadh ar an Ridire Séamas mac Éamoinn Mac Coitir (c.1630-1705): Is och im chliabh 's is diachair phéine le hUilliam Mac Cartáin an Dúna', <i>Eighteenth-Century Ireland</i> , 31, pp. 139-169.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.jstor.org/stable/26347063 Access to the full text of the published version may require a subscription.
Rights	© 2016, Eighteenth-Century Ireland Society. All rights reserved.
Item downloaded from	http://hdl.handle.net/10468/11142

Downloaded on 2021-11-27T16:01:18Z



UCC

University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Caoineadh ar an Ridire Séamas mac Éamoinn Mac Coitir (c.1630-1705): Is och im chliabh 's is diachair phéine le hUilliam Mac Cartáin an Dúna

Author(s): TOMÁS L. Ó MURCHÚ

Source: *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr*, 2016, Vol. 31 (2016), pp. 139-169

Published by: Eighteenth-Century Ireland Society

Stable URL: <https://www.jstor.org/stable/26347063>

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at <https://about.jstor.org/terms>



Eighteenth-Century Ireland Society is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr*

JSTOR

Caoineadh ar an Ridire Séamas mac Éamoinn Mac Coitir (c.1630-1705)¹

Is och im chliabh 's is diachair phéine
le hUilliam Mac Cartáin an Dúna

TOMÁS L. Ó MURCHÚ

Baineann an saothar fileata seo le mórsheánra liteartha, an marbhna, is é sin, dán molta (den chuid is mó), a cumadh ar dhuine i ndiaidh a bháis.² Is i meadaracht ar a dtugtar *caoineadh* atá an déantús áirithe seo, an mheadaracht is coitianta i ndréachtaí fada caoineacháin den fhilíocht aiceanta ó thosach an 17ú haois i leith.³ Ní ar gach aon duine a cheaptaí marbhna liteartha, ba shiombail d'uaisleacht daonna agus stádas an duine iad sa tsochaí inar mhaireadar. Is léir go raibh an modh ceapadóireachta seo mar phointe sprice ag na filí ina gcuidís a gcuid oiliúna agus a gcumas fileata faoi bhráid a lucht éisteachta trí chomóradh agus aitheantas ceart a thabhairt don mharbh ar chomhdháil ócáideach éigin,

- 1 Níl i gceist leis an ngiota beathaisnéise den aiste seo ach léiriú a thabhairt ar ghnéithe de shaol Shéamais Mhic Coitir a thugann comhthéacs do thagairtí áirithe tábhachtacha atá sa chaoineadh faoi chaibidil againn. Tá staidéar níos cuimsithí á ullmhú agam faoi láthair ar Sir Séamas agus ar a mhac Séamas Óg. Maidir le breis eolais ar Sir Séamas mac Éamoinn Mac Coitir (†1705), féach, go háirithe, Brian Ó Cuív (eag.), *Párlíament na mBan* (Baile Átha Cliath, 1952) agus idem, 'James Cotter, A Seventeenth-Century Agent of the Crown', *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 89 (1959), 135-59; Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1885* (Baile Átha Cliath, 1982); Pádraig A. Breatnach, 'Togha na hÉigse 1700-1800', *Éigse*, 26 (1992), 93-104; Breandán Ó Buachalla, 'The making of a Cork Jacobite', in *Cork History and Society*, ed. by P. O'Flanagan and C. G. Buttimer, (Cork, 1993), lgh 469-98, agus idem, *Aisling Ghéar. Na Stiobhartaigh agus An tAos Léinn, 1603-1788* (Baile Átha Cliath, 1996); Alan Marshall, *Intelligence and Espionage in the Reign of Charles II, 1660-1685* (Cambridge, 1994); Donald H. Akenson, *If the Irish Ran the World. Montserrat, 1630-1730* (Liverpool, 1997); *Dictionary of Irish Biography* (DIB), (Cambridge University Press) agus Oxford Dictionary of National Biography (DNB), (Oxford), s.n. Cotter, Sir James, agus www.ainm.ie: s.n. Mac Coitir, Sir Séamas. Tá cuid mhór d'eolas na haiste seo go mór faoi chomaoin thaighde údar na saothar seo.
- 2 Tá an marbhna liteartha á chleachtadh in Éirinn ón 7ú haois, cuir i gcás an marbhna ar Chuimín Fota in *Sanas Cormaic* c.661 in Whitley Stokes, *Three Irish Glossaries: Cormac's Glossary, O'Davoren's Glossary and a Glossary to the Calendar of Oengus the Culdee* (London, 1862).
- 3 *Caoineadh* / x - x - y / Comhfhuaim inmheánach déanta leis an dá aiceann céanna i lár líne, is féidir aicinn dhifriúla a úsáid ó líne go líne. Bíonn an t-aiceann céanna i ndeireadh gach líne síos tríd, sa chás seo / é - /. Go hiondúil bíonn an ceangal i meadaracht dhifriúil. *Is och im chliabh 's is diachair phéine* { ia - ia - é - }.

tréimhse nó tréimhsí i ndiaidh an éaga. Bíonn na marbhnaí seo foirmiúil rialta go minic, breac le liodáin nósúla mholtacha ach iad snoite le chéile go cliste deisfhoclach. Eascraíonn an nós, ní foláir, ó chaoineadh na cosmhuintire, nó an saghas caointe a bhíodh na daoine a dhéanamh ar an marbh sular thosaigh na filí ag ceapadh faoi rialacha na scol. Bhí sé seo fós ag tarlú in Éirinn go dtí deireadh an 19ú haois, an sampla is mó cáil, agus a breacadh síos, ná, *Caoineadh Airt Uí Laoire* le hEibhlín Dubh Ní Chonaill (c.1773). Tugann seasmhacht an mharbhna le fios go raibh sé ina chuid lárnach de chleachtas na ndaoine agus iad ag déanamh bróin ar an mbás. Chomh maith le gnéithe nósúla an mharbhna liteartha faightear go minic eachtra nó insint ina gcóir an file cás an mhairbh féin, nó, ina ndeineann sé tráchtairacht shochpholaitiúil ar a cheantar féin agus ar Éirinn trí chéile. Le treisiú na bPéindlíthe agus le díshealbhu na dtaoiseach Gaelach, pearsana na marbhnaí go minic, chuaigh déantúis mhóra den sórt seo ar gcúl go mór ó 1730 ar aghaidh. Ar cheann de na samplaí deireanacha *par excellence* atá againn den seánra seo tá an marbhna a cheap Liam Rua Mac Coitir ar Shéamas Óg Mac Coitir, *Mór an chreille gheibhim do chéas me*, sa bhliain 1720. Ba é Séamas Óg an mac ba shine den Choitireach atá faoi chaibidil againn anseo.⁴

Tá cruth tomhaiste craobhscoilte foirmiúil le haithint ar *Is och im chliabh 's is diachair phéine*. Bás nádúrtha de dheasca breoiteachta a fuair an ridire a bhí ar a laghad cúig bliana déag ar trí fhichid agus a ghaiscí agus éachtaí saoil curtha i gcrích go maith aige. Tá an t-atmaisféar neodrach agus an friotal foirmeálta ceart síos tríd. Leanann sé gréasán téamúil coiteann na marbhnaí a fhaightear sa 17ú haois agus sa chéad tréimhse den 18ú haois: cailliúint agus brón an fhile féin, cailliúint agus brón na nGael agus brón d'Éirinn; moladh ar an duine marbh agus trua dá ghaolta; guí chun Dé nó chun Críost go bhfaighidh an marbh tearmann sna flaithis is cosaint ó pheacaí an tsaoil. Go himheánach nochtar eachtra saoil an ridire ina dtarraingíonn an file aird agus aitheantas ar a ghaiscí míleata, ar an gcaitheamh fialmhar a bhí aige leis an éigse, leis an gcléir, le huaisle Chúige Mumhan agus ar a phobal tuaithe faoi seach.

Uilliam Mac Cartáin an Dúna (c.1668-1724)

Ó cheantar Charraig na bhFear in oirthear Chorcaí ab ea an saighdiúir, feirmeoir, file is scríobhaí agus ceann scoile, Uilliam Mac Cartáin an Dúna.⁵ Ghlac sé páirt lárnach i dtimpeallacht liteartha an cheantair sin a bhí fós faoi bhláth agus in ardreim i dtosach an 18ú haois. Is dóichí go bhfuair sé oiliúint ó uachtarán scoil éigse Charraig na bhFear,⁶ Diarmaid mac Sheáin Bhuidhe, Mac Carthaigh, as a

4 Téacs an dáin in Risteárd Ó Foghludha (eag.), *Cois na Cora .i. Liam Ruadh Mac Coitir agus a Shaothar Fileata* (Baile Átha Cliath, 1937), lgh 29-42. Bhí filí eile ag ceapadh an t-am sin, go háirithe Aogán Ó Rathaille, a bhí ina mháistir ar an marbhna liteartha agus a cailleadh i 1729.

5 Tá cloíte anseo leis an litriú a chleacht an file féin ar a shloinne sa lámhscríbhinn, NLI G 114. Cf. Breatnach, 'Togha na hÉigse', lch 99.

6 Maidir le heolas ar an gcúirt éigse, féach Breandán Ó Conchúir, 'Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan' in P. Riggs, B. Ó Conchúir agus S. Ó Coileáin (eag.), *Saol na hÉigse* (Baile Átha Cliath, 2001). Maidir leis an gCartánach, féach Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, DIB agus www.ainm.com.

óige. Thóg sé ceannasaíocht na scoile sin ar bhás an Charthaigh i 1705. Tháinig sé go mór faoi anáil shaothar Dháibhí Uí Bhruadair agus tá seans ann go raibh aithne acu ar a chéile.⁷ Tá isteach is amach le 30 déantús fileata dá chuid ar marthain ach níl siad cnuasaithe in aon fhoilseachán amháin fós. Bhí dlúthchairdeas idir é féin agus Eoghan Ó Caoimh (†1726), de réir dealraimh, go dtí gur tháinig easaontas eatarthu i mblianta déanacha a saoil.⁸ Bhí sé mór leis an easpag Eoin Baiste Mac Sleighne (†1712) a thugadh lámhscríbhinní dó chun cóipeála. Chuaigh sé ag saighdiúireacht faoi bhrait na Stíobhartach i gCogadh an Dá Rí. Thug Seán na Ráithíneach (†1762), dalta agus comhfhile dá chuid, le fios gur throid sé sa Bhóinn agus in Eachroim.⁹ Bhí sé i Reisimint Mhic Carthaigh Spáinneach a rinne luíochán ar shaighdiúirí Rí Uilliam i mBéal Átha Salainn, co. Chorcaí ar an 29 Aibreán 1691, agus mar a ráinig, ba é Sir Séamas Mac Coitir a bhí ina bhriogáidire ar fhórsaí Seacaibíteacha Chorcaí, Chiarraí, Luimní agus Thiobraid Árann ag an am. Bhí bá ar leith aige le Coitirigh Bhaile na Speire mar a léiríonn an bhaint a bhí aige le *Párlíament na mBan* (c.1697),¹⁰ an dán molta a chum sé ar Sir Séamas Mac Coitir i 1700,¹¹ an caoineadh atá idir lámha againn anseo, agus an marbhna a cheap sé ar mhac an ridire, Séamas Óg, sa bhliain 1720.¹²

Sir Séamas mac Éamoinn Mac Coitir

Rugadh Séamas Mac Coitir, an dara duine clainne as seisear, d'Éamonn Mac Coitir agus d'Eilís Ní Chonaill, timpeall na bliana 1630.¹³ Is léir go raibh Éamonn go maith as. Thóg sé morgáiste ó chéad Iarla an Bharraigh Mhóir ar thailte, ar chaisleán agus ar fheirm Bhaile na Speire ar £300 i 1638.¹⁴ Deir *The Down Survey of Ireland* (1641)¹⁵ go raibh sé i seilbh 207 acra plandála i mBaile Chuirrín, tamaillín siar ó Chathair Chorcaí, go raibh ocht n-acra plandála ina sheilbh i

ie, s.n. Uilliam Mac Cairteáin. Deir DIB go raibh sé ina mhaor i marcshlua Mhic Carthaigh Spáinneach.

- 7 Féach Breatnach, 'Togha na hÉigse', agus Tomás L. Ó Murchú, 'Caoineadh ar Shéamas Óg Mac Coitir' in *Éigse*, 39 (2016) lgh 71-95.
- 8 Bhí Uilliam mar athair baistí ar mhac Eoghain, Art. Féach DIB agus www.ainm.ie maidir leis an easaontas.
- 9 Féach Tadhg Ó Donnchadha (eag.), *Seán na Ráithíneach* (Baile Átha Cliath, 1954), lch 285.
- 10 Féach Ó Cuív, *Párlíament na mBan*.
- 11 Féach Breatnach, 'Togha na hÉigse'.
- 12 *Mo dhainid go fuin, mo shileadh deór, mo scíos*. Maidir le heagrán agus plé ar an dán seo, féach T. L. Ó Murchú, 'Caoineadh ar Shéamas Óg', lgh 71-95.
- 13 NLI 711 'Cotter Ms.'. Cnuasach de cháipéisí agus d'eachtraí ar stair mhuintir Choitir Bhaile na Speire a chuir an tUrramach George E. Cotter le chéile sna 1820í. Bhí gaol sinsearach ag an Urr. Cotter le Sir Séamas Mac Coitir.
Iníon do Sheán Ó Conaill ó Chúirt an Bharraigh, ach de Chonallaigh iomráiteacha Uíbh Ráthaigh. Cailleadh Eilís agus í óg, agus phós Éamonn an dara huair; bean darbh ainm Ellen Sarsfield ab ea í. Tá nóta sa 'Cotter Ms.', lch 39 a deir gur deirfiúr í Ellen Sarsfield do 'Dominick Sarsfield, second son of Thomas Sarsfield, Lord Kilmallock, a peer of 1688' agus go raibh deirfiúr chéadbhean Éamoinn pósta leis an Dominick seo. Féach Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 137 agus 'Cotter Ms.', lch 48 maidir le craobh ghinealaigh na gCoitireach.
- 14 Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 137.
- 15 *The Down Survey of Ireland* (1641), Trinity College Dublin, www.downsurvey.tcd.ie.

mBaile Sheitric ar an Oileán Mór, agus go raibh 176 acra plandála faoina chúram i Leacain Bheithe i gCarraig Tuathail. Díol spéise, leis, gur áirigh Éamonn é féin mar Phrotastúnach sa suirbhé, rud a mhíníonn conas mar a choimeád sé a chuid tailte le linn na haimsire suaite úd. Lean a mhac, Séamas, an nós céanna, mar a léiríonn *Down Survey* na bliana 1670.¹⁶ I 1652, fuair Éamonn léas 72 bliain ar chúig phunt in aghaidh na bliana ó dhara hIarla an Bharrraig Mhóir. I 1656, cheannaigh sé cuid mhaith den Oileán Mór i gCuan Chorcaí, rud a d'fhág saibhreas nár bheag ag a bhean agus ag a chlann nuair a cailleadh é i Lúnasa 1660. D'uachtaigh Éamonn léas Bhaile na Speire dá mhnaoi agus a clann, ach d'fhág sé maoin mhór ag a chlann féin, leis. Roinn sé an tOileán Mór ar an mbeirt mhac ba shine aige, Gearóid agus Séamas, chomh maith le tailte eile; fágadh grúdlann ag Séamas fairis sin.

Níl puinn eolais againn ar shaol luath Sir Séamas Mac Coitir seachas gur saolaíodh é c.1630 agus go ndeachaigh sé i bhfórsaí na Ríogaithe i Sasana nó ar an Mór-roinn uair éigin sna 1640í. Tá nóta sa 'Cotter Ms.' a deir gur 'private trooper in the Guards' ab ea é, ní bheadh sé neamhghnách dá leithéid bheith san arm agus gan é ach cúig bliana déag d'aois. Tharlódh sé mar sin, gur ghlac sé páirt i gcuid de chathanna fuilteacha Chogadh Chathartha Shasana faoi Shéarlas I ó c.1645 amach, nó, ceann éigin, bhí sé páirteach i gCath Worcester, Meán Fómhair 1651, idir fórsaí Chromail agus Shéarlais II.¹⁷ Pé ní a bhí ar bun aige le linn a bhlianta luatha, is féidir linn a thuairimiú le húdarás maith gur chaith sé seal ar an Mór-roinn i rith thréimhse deoraíochta Shéarlais II (1651-60), go raibh taithí mhaith mhíleata aige faoi aimsir an *Restoration* i 1660, agus go raibh sé ar lucht leanúna dílis Shéarlais II agus Theach Stíobhard. I 1664 bhí Mac Coitir san Eilvéis agus é páirteach leis an mbuíon fear a threascair an rímhárfóir, John Lisle. Rinneadh captaen de gan rómhoill tar éis mharú Lisle, agus cuireadh é ag troid i gcogadh Shasana in aghaidh na Fraince agus na hOllainne sna hIndiacha Thiar. Dealraíonn sé go raibh cúrsaí airgid dian ar Mhac Coitir sna blianta 1669-70, ach tháinig athrú air sin nuair a rinne sé cairdeas le Sir William Stapleton (†1686), sna hOileáin Leeward ó 1672 i leith.¹⁸ Bhí na hIndiacha Thiar crua neamhthrócaireach an uair úd ach bhí conách le déanamh ar indeagó, ar shiúcra agus ar thobac. Bhí Pilib de Nóglá nó Philip Nagle, mar ghníomhaí Éireannach ag Stapleton i dteannta an

16 Thuairimigh Ó Cuív 'It is possible that some members of his family (Sir Séamas) were Protestant ... but I have no direct evidence of this'; dar ndóigh, ní raibh teacht ag Ó Cuív ar an *Down Survey* an uair úd. Féach Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 138.

17 Faightear leid bheag sa mharbhna, a cheap Éamonn de bhFál ar Shéamas Óg Mac Coitir (†1720) an mac ba shine don ridire, a thacaíonn leis an tuairim seo 'Macaomh an ridire áig (Sir Séamas Mac Coitir) / Na féile gan trághadh / Do thraoch do rígh Séarlas / *Cromwellians* a námhad' 'The son of the knight of valour, of the ceaseless generosity, who defeated for King Charles, the Cromwellians, his enemy'. 'Mo léir-ghoin go bráth' in Risteárd Ó Foghludha (eag.) *Cois Caoin-Reathaighe .i. Filidheacht Éamuinn de bhFál ó Dhún Guairne* (Baile Átha Cliath, 1946), lch 55. Is liomsa an t-aistriúchán.

18 Maidir le William Stapleton, féach Akenson, *If the Irish*. Tuairimíonn Akenson gur chuir Stapleton agus Mac Coitir aithne ar a chéile i laethanta Chogadh Chathartha Shasana. Féach *If the Irish*, lch 96.

Choitirigh ar na hOileáin.¹⁹ Ba de mhuintir de Nóglá na hAbhann Móire an Philip seo, ceann de mhórtreaghlaigh Chaitliceacha Chorcaí a raibh bá agus ceangal acu le teaghlaigh Chaitliceacha eile na dúiche sin, muintir Aonghusa agus na Coitirigh go háirithe. Ba é Sir Patrick Trant, Caitliceach ó cheantar Luimní a bhí mór le muintir Stapleton, agus gaol do Shéamas Mac Coitir, an gníomhaí talún ag Stapleton. Phós Séamas Mac Coitir Mary, iníon William Stapleton, timpeall 1679.²⁰ Bhí, mar a dúirt Akenson, ‘a small Catholic mafia’ bunaithe ag Stapleton i Montserrat.²¹ Bhí an Coitireach mar rúnaí agus mar mharascal ar na hOileáin Leeward ó 1672. Rinne Stapleton fear ionaid an ghobharnóra de i 1680, agus an teideal ‘Coirinéal’ aige faoin tráth seo. An bhliain dar gcionn feictear go bhfuil an teideal Gobhanóir ar Montserrat aige. Dealraíonn go raibh sé fós ag bailiú tuarastal na dteideal seo chomh déanach le 1689 agus é ar ais in Éirinn.²²

Chaith Séamas Mac Coitir seal i Middlesex Shasana idir 1676 agus 1680, ach é ag dul sall agus anall ó Mhontserrat i gcónaí. Fuair Mac Coitir seilbh ar Bhaile na Speire óna leasmhathair i 1675, rud a léiríonn an feabhas maoinne a bhí tagtha air le cúig bliana anuas.²³ Bhí Mac Coitir ar ais i Sasana agus soir siar ó Bhaile na Speire i 1682. Tugadh pinsean bliantúil £200 dó i 1682. Bhí sé lonnaithe ar ais i mBaile na Speire faoi dheireadh na bliana céanna. Tugadh saoirse Chathair Chorcaí dó i 1683. Cheannaigh sé tailte timpeall Bhaile Uí Mhaolghuala, i dtuaisceart Chorcaí, ar £2,782 sa bhliain úd, agus fuair léas fada ar thailte Raithin, cois Abhann Móire. Is ann a bunaíodh Rockforest agus a lonnáfódh na Coitirigh tar éis bháis Shéamais Óig i 1720. I 1685, bhronn Séarlas II dhá aonach air sa cheantar agus sa bhliain chéanna cheannaigh sé eastáit an Bharraigh Mhóir agus Chaisleáin Uí Liatháin a raibh 272 acra talún iontu ó Thiarna an Bharraigh Mhóir, ar £2,400. I mí Iúil 1685, tá an dealramh air go raibh sé ina chaptaen faoi Sir William Clifton (1663-86) i gCath Sedgemoor.²⁴ De réir *Phárlíament na mBan*, rinneadh ridire de tar éis

19 Akenson, *If the Irish*, lgh 98, 99.

20 Cailleadh i roimh 1686 agus ní raibh aon duine clainne acu le chéile, go bhfios dúinn.

21 Akenson, *If the Irish*, lgh 99, 100.

22 Ó Cuív, ‘A seventeenth-century agent’, lgh 150, 151 agus Akenson, *If the Irish*, lgh 96-7. Is cinnte go raibh oifigí agus láithreáin an rúnaithe agus an mharascail á léasú aige le fear darbh ainm George Rogers ar chostas £300 in aghaidh na bliana ar léas seacht mbliana ó Feabhra 1687, agus le táille bhreise bhliantúil £300 go dtí Feabhra 1691. Féach ‘Carlann Chathair agus Chontae Chorcaí’, Bass and Co. Solicitors, Ref. U681 73/19/2. Féach, leis, Bass U681 91/23/22, páipéar salaithe ach is féidir a dhéanamh amach go raibh oifigí agus láithreáin an rúnaithe agus mharascail á léasú aige ó 1680-82. Tá an t-ainm Thomas Gould, Londain, luaite. Tá na hainmneacha Henry Symes, John Vernon agus George Symes luaite le hoifigí agus rúnaí agus marascal Oileán Antigua i mí Feabhra 1680/81 i gcáipéis eile, Bass U681 91/23/15.

23 Féach in ‘Cotter Ms.’, lch 53 agus Bass U681 83/12 dáta 5 Bealtaine 1665. Luaitear bean a athar, a d’uachtaigh an láthair i 1660, a dheartháireacha agus oidhrí eile. Níl aon trácht ar fhíacha; ní fheadar an raibh socrú éigin in uacht an athar faoi dhuine den chlann mac a theacht i gcomharbas ar Bhaile na Speire ag pointe éigin?

24 Ó Cuív, ‘A seventeenth-century agent’, lch 154. Dícheannadh Lady Alice Lisle i Meán Fómhair na bliana sin tar éis í a chiontú i dtréatúireacht. Cuireadh ina leith gur thug sí tearmann do mhinistrí áirithe a bhí páirteach i gcath Sedgemoor agus a fhios aici iad a bheith ar a dteitheadh ó na ríogaithe. Is beag substaint a bhí sa mhéid a chiontaigh í, coirnéal darbh ainm Penruddock a ghabh í. Bhí John Lisle tar éis a athair siúd, John Penruddock, a dhaoradh chun báis blianta roimhe sin. Bhí deis ag Séamas II pardún a bhronnadh uirthi ach in ionad í a dhó ina beatha is amhlaidh a

an chatha,²⁵ ach deir Ó Cuív gur i 1686 is luaithe a fhaightear trácht oifigiúil air mar ridire. Nuair a cuireadh an teitheadh ar an rí Séamas II i 1688, ainmníodh Sir Séamas le bheith i bhfeighil a chuid saighdiúirí in Éirinn; rinneadh leifteanant-coirméal de i mí na Samhna i reisimint Dhonnchaidh, Iarla Chlainne Carthaigh. Toghadh é ina fheisire do Chathair Chorcaí i bParlaimint na hÉireann i 1689. B'fhéidir gur chaith an rí Séamas II oíche sa chúirt i mBaile na Speire ar a shlí chun Baile Átha Cliath i Márta 1690. Throid Sir Séamas in Ultaibh agus sa Mhumhain i rith an chogaidh. Ceapadh é mar ghobharnóir ar Chathair Chorcaí an bhliain chéanna agus ba é bailitheoir cánach Shéamais II é sa chontae sin, leis. Ceapadh Sir Séamas ina bhriogáidire ar fhórsaí an rí i gCiarraí, Corcaigh, Luimneach agus Tiobraid Árann. D'éirigh go maith le Mac Coitir i gcathanna i gCeann Toirc agus i nGleannúir an bhliain sin, ach buadh go dian air i gCath Chnoc an Bhuidéil, nó 'Bottle Hill', gairid do Mhala i mí Aibreáin.²⁶

Treascáirt John Lisle (1664)

Tar éis do na Ríogaithe an dara cogadh cathartha a chailleadh in 1649, thosaigh na Parlaiminteoirí ar dhíoltas a bhaint amach i Sasana. Bhí an dlíodóir agus an Parlaiminteoir, John Lisle (1610-64), ar dhuine de na baill ba ghníomhaí san *High Court of Justice* a bunaíodh chun Séarlas I a chur ar a thriail i gcomhair ardréasa, dúnmharú agus scata cúiseanna dá sórt. Daoradh agus dícheannadh Séarlas I i 1649. Ar theacht ar ais i gcumhacht do na Ríogaithe i 1660, cuireadh ordú neamhoifigiúil amach chun iad siúd ar fad a ghlac páirt i ndaoradh Shéarlais I a mharú. Arna chloisteáil seo do John Lisle, chuaigh sé féin agus Edward Ludlow (c.1617-92) – ball gníomhach eile den *High Court of Justice* – ar a dteitheadh i nGinéiv na hEilvéise. Lámhachadh John Lisle ar 11 Lúnasa 1664, i Lausanne, ar a shlí go dtí an tseirbhís eaglaise. Is deacair a rá cé hé go díreach a scaoil an t-urchar a mharaigh Lisle ach tuigeadh do dhaoine in Éirinn agus i Sasana gurbh é Séamas Mac Coitir a stiúraigh agus a threoraigh an marú iomráiteach sin.

Deir an staraí Alan Marshall gur tugadh mar chúram d'Éireannach darbh ainm Germaine Riordane Edward Ludlow a threascáirt sa Ghinéiv. Dúirt Ludlow féin ina chuimhní cinn gurbh Major Mac Carty an t-ainm ceart a bhí ar an Ríordánach seo agus gur throid sé faoi Dhiúc York, is é sin rí Séamas II (1633-1701), ar an Mór-roinn.²⁷ Thuairimigh Ó Cuív, le cáiréis, áfach, gur Mac Carthy Riordan é an Ríordánach seo a bhí faoi Chormac Mac Carthaigh Bíocunta Mhúscraí (+1665), fad a bhí sé ar deoraíocht i dteannta an Rí Séarlais II, agus go bhfuil seans ann go raibh Séamas Mac Coitir i seirbhís an Bhíocunta, leis – rud a mhíneodh dúinn an

dícheannadh í. Tá an chuma ar an scéal nach raibh ach gaoth an fhocail ó na ríogaithe chun díoltas a bhaint amach dóibh siúd a bhí daortha ag John Lisle nuair a bhí sé thuas. Féach DNB, s.n. *Lisle, Alice*.

25 Ó Cuív, *Párlaimint na mBan*, ll. 73-82.

26 Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lgh 155, 157. Tá cuntas níos iomláine ar ghníomhachtaí Mhic Coitir i rith Chogadh an Dá Rí ag Ó Cuív nach luafar anseo.

27 Marshall, *Intelligence and espionage*, lch 292.

bhaint a bhí aige leis an mbuíon a chuaigh chun na hEilvéise an chéad uair.²⁸ De réir Dhónaill Uí Cholmáin,²⁹ bhí Sir Séamas Mac Coitir i dteannta Dhiúc York i gcogaí ar farraige; thuairimigh Ó Cuív gur sa tréimhse 1664-66 a tharla sin toisc gníomhaíochtaí an Diúic sa chogadh idir Sasana agus an Ollainn (1665-67).³⁰ Is díol spéise, leis, gur mhúnlaigh ár bhfile, Uilliam an Dúna, an dán molta a cheap sé do Sir Séamas Mac Coitir ar dhán pósta a cumadh don Chormac Mac Carthaigh céanna agus dá mhnaoi Máireád de Búrca, nasc nach beag a thabharfadh ardmholadh don ridire ach a léiríonn, dar liom, ceangal suntasach idir an bheirt chomh maith.³¹

Bhí an t-amhras ann i gcónaí faoi na rímharfóirí seo a bhí ar a dteitheadh is eagla ar dhaoine rompu. Eagla nó eile ní raibh ó Theach Stíobhard ach a thaispeáint don dream a dhaor Séarlas I go raibh fonn orthu agus cumas iontu díoltas a bhaint amach. De réir chuntais Marshall, chuir an ‘Ríordánach’ buíon bheag fear le chéile – Éireannaigh agus Francaigh ina measc – agus thugadar faoin Eilvéis chun Ludlow a leagan. Bhí beirt Éireannach ina measc, ‘O’Croli’ – Ó Crualaoich – (a théadh faoin ainm Thomas MacDonnell) agus Séamas Mac Coitir. Bhunaigh Marshall cuid mhór dá chuntas ar mharú Lisle ar chuimhní cinn Edward Ludlow agus ar roinnt foinsí eile. Go hachomair, is mar seo a chuir sé é: tar éis don bhuíon tamall de sheachtainí a chaitheamh sa Ghinéiv ag tabhairt na háite faoi ndeara, shocraíodar ar Ludlow, Lisle agus comhlacht fear eile a fhuadach nó a mharú agus iad ar a slí go dtí an tseirbhís eaglaise – ba bhéas leo friotháil ar an tseirbhís chéanna gach Domhnach. Theip ar an ionsaí nuair a braitheadh iad. Ar chlos an scéil do Lisle, thug sé faoi Lausanne, áit a cheap sé a bheadh níos sábháilte toisc go raibh sé ar an tuiscint gurbh é Ludlow an phríomhspríoc a bhí ag an mbuíon. Bhí an dá dhream ag faire a chéile ar feadh roinnt míonna. Toisc nár rith leo Ludlow a thógáil, dhírigh Mac Coitir agus Ó Crualaoich ar iarracht a thabhairt faoi Lisle i Lausanne. Lámhaigh Ó Crualaoich John Lisle ar an 11 Lúnasa 1664 i gclós séipéil fad a bhí Séamas Mac Coitir ag coimeád na gcapall éalaithe. Deir cuntas amháin go raibh Lisle armtha, go raibh gardaí cosanta timpeall air, agus gur thug Ó Crualaoich rabhadh dó é féin a thabhairt suas nó go lámhófaí é. Is é is dóichí ná gur sháigh duine acu gunna cruinn díreach lena dhroim agus gur scaoil

28 Ó Cuív, ‘A seventeenth-century agent’, lch 146.

29 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll. 75-6.

30 Ó Cuív, ‘A seventeenth-century agent’, lch 154.

31 ‘Níor bhoirbe an fhoireann sin in áirde bh Greag’ le hUilliam Mac Cartáin an Dúna, 1700 agus ‘Níorbh fhoirtile Solamh mac Dáth rí i gcéill’ le Seán Ó Súilleabháin na mBuannaí, nó Diarmaid Óg Ó Murchadha. Is é an tOllamh Pádraig A. Breatnach a léirigh an ceangal seo. Maidir le téacsanna agus plé, féach Breatnach, ‘Togha na hÉigse’. Tá sé léirithe ag an údar seo gur bhain Éamonn de bhFál macalla soiléir as dán an phósta ina mharbhna do Shéamas Óg Mac Coitir, ‘Fochtaim ort an doiligh leat, a Rí na ngrás?’ Féach Tomás L. Ó Murchú, *Na Marbhnaí do Shéamas Óg Mac Coitir (1689-1720)*, Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2015, lgh 87-93, maidir le plé cuimsitheach ar na déantúis seo agus a ngaol le chéile. Is fiú a thabhairt faoi ndeara gur ar a ghaiscí ar farraige is mó a thugann Mac Cartáin moladh don ridire sa dán ómóis, cé nach le cathanna ar muir is mó a shamlaítear é. Thacódh sin le focail Uí Cholmáin agus tuairim Uí Chuív go raibh Sir Séamas i dteannta an Diúic ar bóchna.

leis trí huair, le trí mhuscaed dhifriúla, ní foláir. Deirtear go raibh *Vive le roi* le cloisteáil ón mbeirt agus iad ag marcaíocht ó láthair an mharaithe.³²

Is ar an Ríordánach a leagann Ludlow agus Marshall scéim an lámhachais agus ní ar Shéamas Mac Coitir – ní raibh i Mac Coitir, dar leo, ach ball den mbuíon a bhí faoi chúram an Ríordánaigh. Chuaigh an Ríordánach ar ais go Sasana; deirtear go bhfuair sé buíochas agus díolaíocht as an marú, ach níl aon trácht suntasach air as sin amach. Is dóichí gur chuaigh Ó Crualaoich chun cónaithe san Fhrainc is gur chaith sé saol maith ann.³³ As an mbuíon fear a thriall chun na hÉilvéise, is é Séamas Mac Coitir is mó a thuill clú ina shaol; lasmuigh de chuntas Ludlow, bhíothas ar an tuiscint gurbh é Mac Coitir a bhí i gceannas an fheachtais ó thús deireadh agus nárbh é an Ríordánach.

Ní hionann an tuiscint ar an ról a ghlac Sir Séamas Mac Coitir i marú Lisle, ag Ludlow ina lá féin agus ag Marshall sa lá atá inniu ann, agus na tuairiscí a thagann chugainn ó na foinsí Gaeilge. Is cóir dúinn ár n-aire a dhíriú ar na foinsí seo – is iad san Ó Bruadair, Ó Colmáin agus Uilliam Mac Cartáin – toisc iad a bheith ar aon fhocal gurbh é Sir Séamas a lámhach agus a chuir chun báis an rímharfóir ar ordú an Rí, agus dealramh láidir ar an scéal go raibh *imprimatur* ó Sir Séamas féin acu a leithéid d'áiteamh a dhéanamh. Tá cuntas ag an Athair Dónal Ó Colmáin faoin eachtra ina réamhrá do *Phárlíament na mBan* (c.1697). Téacs teagascach morálta is ea an *Phárlíament* ar bunaíodh cuid di ar *Colloquia Familiaria* a scríobh Erasmus, a chuir Ó Colmáin le chéile i bhfoirmle liteartha na parlaiminte. Is do Shéamas Óg Mac Coitir, dalta Uí Cholmáin, a tugadh le chéile í, is dócha, ach cinnte is 'chum an ógáin uasail, mo dheisgiobal, grádhach féin .i. Séamus Óg Mac Coitir' a díriodh an réamhrá:

... féach créad é an mhuinighin do bhí ag Rígh Cormac iona lúith, ina mhisneach, et ionna chomhall, an tan do thug sé ceandas et ordúghadh dhó gluaiseacht mar aon le beagán buidhne a' tóruíghiocht an traotúra Laidhil et dá threasgairt, gníomh noch do-rine Séamus go háthusach a n-éiric et a ndíoghaltas bháis Rígh Séarluis.³⁴

Mheas Brian Ó Cuív '... that we are fully justified in concluding from all the foregoing accounts that Cotter was, indeed, the organiser of the action against Ludlow and Lisle, and that even if he did not actually shoot the latter, he was present as director of operations'.³⁵ Is deacair a rá le haon chinnteacht cad é go díreach an pháirt a bhí ag Séamas Mac Coitir i marú John Lisle seachas go raibh sé ar an mbuíon a chuaigh don Eilvéis. Ach bhí lucht a chomhaimsire in Éirinn agus i Sasana cinnte go maith de gur ghlac sé páirt thábhachtach ann; is í an cheist a bhí le hardú dóibh siúd ná an de réir chirt a rinne sé é nó an le feall. Tá tagairt ag Dáibhí Ó Bruadair don eachtra in *Fáilte í Cheallaigh ria sur Séamus*

32 Marshall, *Intelligence and espionage*, lgh 294-7.

33 Marshall, *Intelligence and espionage*, lgh 298, 299.

34 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll. 1-2, 52-7.

35 Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 145.

(c.1692),³⁶ dán a fháiltíonn roimh Sir Séamas ar ais go hÉirinn tar éis dó tréimhse a chaitheamh i Sasana. Fáiltítear agus moltar an ridire agus a bhean faoi mar a bheifí ag súil leis i ndéantús dá shórt, ach, is suntas ar leith é go gcaitheann Dáibhí an chuid is forsúla dá dhréacht ag cosaint Sir Séamas ar mharú John Lisle, eachtra a thit amach nach mór tríocha bliain roimhe sin.³⁷ Is mar ‘Céim *do leasuigh* reacht an ríghshéala’ (l. 5) a chuireann sé síos ar an ngníomh, líne a d’fhéadfaí a léamh mar ‘A step that *corrected* the just rights of the Royal Seal’.³⁸ Má áirímid gur dóichí gur i gcúirt na gCoitreach i mBaile na Speire a léadh aiste Dháibhí den chéad uair, ba dhóigh le duine gur beag ná gur thuig lucht na cúirte gur ag trácht go díreach ar mharú Lisle a bhí sé nuair a dúirt ‘i ngléas gur scuch don mbith a dtarbh tána’, ‘and adroitly from the world removed the bull that led their heard’,³⁹ gaisce a thug ‘... seal suain dá phrionnsa’ agus ‘gníomh tug miann an ruire réidh’, is é sin an Rí Séarlas II (ll. 19, 28). Deir Uilliam an Dúna gurbh é Sir Séamas a lámhach Lisle sa dán molta a cheap sé dó agus téann sé a thuilleadh lena chur síos sa mharbhna atá idir lámha anseo:⁴⁰

Síúd an flaith i mbarc thar tréanmhuir
mar d’ordaigh reacht is ceart an tséala,
do chuaidh suas géir chruaidh an céim sin
go Cathair chaismeartaigh dhaingin Ginéive.

Is ann fuair radharc ar Lisle an éirlich
is é go trúmpach trúpach tréanmhear,
do chuaidh isteach go prap mo laochsa
is tug dhó goin go ngoimh an éaga. (ll. 29-36)

Ní raibh Uilliam an Dúna ar an saol fós nuair a maraíodh Lisle; dá bhrí sin, is ar sheanchas a bhí a chuid eolais ag brath, ní foláir. Is i Lausanne a maraíodh Lisle; lámhachadh sa droim é agus ní ina ‘bhrollach chnis’, mar a d’áitigh Mac Cartáin. Mar aon le Ó Bruadair, cosnaíonn Uilliam an Dúna an ceart, á rá gurbh ordú ón ‘reacht’ é agus gurbh é ‘ceart an tséala’ an t-ordú sin a thabhairt, líne atá

36 Ní fhéadfadh gur níos luaithe ná 1692 a cumadh mar ní raibh bean chéile Shéamais ar ais ón bhFrainc, mar ar chaith sí blianta an chogaidh. Tá sé le haithint ar an dán go raibh sí in ainm is a bheith i láthair. John Mac Erlean (eag.), *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair*, iii, Irish Texts Society (London, 1917), lch 186.

37 Níl a fhios agam fós cad a thug Sir Séamas go Sasana i 1692 – nuair ba dhóigh leat go seachnódh sé an áit chomh luath sin tar éis an chogaidh. Ardaíonn sé an cheist, cad ina thaobh an file agus lucht na cúirte a bheith ag fáiltiú an ridire abhaile leis an méid sin poimpe is comóraidh ach le rian d’fhóirithint, leis, agus iad ag cosaint, seachas aon ní eile, traochadh John Lisle, a thit amach na blianta roimhe sin?

38 Is mar ‘A step that did good service to the just rights of the Royal Seal’ a d’aistrigh eagarthóir an dáin an líne, Mac Erlean, *Duanaire*, lch 187.

39 Mac Erlean, *Duanaire*, lgh 188, 89. Is le heagarthóir an dáin an t-aistriúchán.

40 ‘Is iongantach an buille sin ar lár trí gcéad / Tugais-se don phlucaire ná tláthaíodh d’aon / An tan t’urchar do chuiris-se lé hágh síor séin / I mbrollach chnis an bhulcaire is d’fhág sínte é’ *Ní bhoirbe an fhoireann sin in árthaibh Gréag* (1700), Breatnach, ‘Togha na hÉigse, lch 100, ll. 25-8. Féach, leis, focail Dháibhí: ‘Báire sochlú rug an ruanaidh / rian a láimhe is buan ar bun / iomáin tug seal suain dá phrionnsa / gan fear smuail na chionnsa ag cur’, Mac Erlean, *Duanaire*, lgh 188.

an-chosúil le líne Uí Bhruadair thuas ‘Céim do leasuigh *reacht an ríghshéala*’. Téann an ceart sin siar go dtí an triail a dhaor Séarlas I chun báis, triail a tháinig salach ar an absalóideacht ríoga agus ar dhliteanas diaga na ríthe – ní raibh aon cheart ag na Parlaiminteoirí Séarlas a chur ar a thriail, mar pé acu ar aontaigh siad leis na rudaí a rinne sé nó nach ndearna, bhí sé d’údarás aige na céimeanna seo a thógaint mar rí. Bheadh séala ríoga ar an ordú a fuair Séamas Mac Coitir agus a chomhghleacaithe na rímharfóirí a mharú, rud a thug beannú absalóideach don ghníomh. Is é Dónal Ó Colmáin is diombháilte a théann chun cosanta:

Et dá réir sin ní hé amháin acht ní ceart d’éinneach a rádh ná a mheas gur *murther ná míghníomh* traotúir fógartha do mharbhudh le hordúgha speisialta an rígh, acht fós is innmheasda gur gníomh é cómh óirdhearca iondas, dar liom-sa ⁊ dar le heólchaibh eile, go madh chóra a leithéid do ghníomh do chur a ccroinicibh a leitríbh óir chum go ccluinfeadh gach geinealach diaig a ndiaig fuil rígh nó prionnsa do tharrang nách deachaidh saor le héinneach riamh go troimdhíoghaltas.⁴¹

Murther nó *míghníomh*, macalla ní foláir den chogarnaíl chainte a bhí ar barra le teacht Uilliam III – focail a bhí chomh coitianta sin gur mheas Ó Colmáin é a bheith tábhachtach a dhóthain a lua ina réamhrá ‘chum an ógáin uasail, mo dheisgiobal, grádhach féin .i. Séamus Óg Mac Coitir’. Bhí eagla air nach dtuigfeadh a dhaltá óg gaisce a athar agus é ag éirí suas, ach ní fhágann sé aon dallamullóg ina rá gur ‘le hordúgha speisialta an rígh’ a lean a athair, agus nárbh é féin amháin a bhí á mholadh as a éacht – ‘(agus) dar le heólchaibh eile’. Agus áitíonn sé ‘... ní cás aithint nách foilleonach do-rine an soláthar sonuidhe, et an saothar subháilceadh atá fena chumas ó Abhainn Móir go fairrge’.⁴² Dealraíonn sé gur le casadh na cumhachta a dhamnaigh an pobal i Sasana – agus leis sin na Protastúnaigh a bhí in Éirinn – marú Lisle.⁴³

Is féidir linn a mheá gurbh é marú John Lisle an eachtra is mó a tharraing aird ar Sir Séamas Mac Coitir le linn a shaoil, aird a tarraingíodh ar a mhac, Séamas Óg Mac Coitir, a crochadh i gCorcaigh i 1720 agus é cúisithe in éigniú mná.⁴⁴

41 Ó Cuív, *Párliaimint na mBan*, ll. 57-65.

42 Ó Cuív, *Párliaimint na mBan*, ll. 46-49. Is mar seo a aistríodh na línte seo sa ‘Cotter Ms.’: ‘... it is unne[cessary] to observe that it was not by any sinister means he acquired the large estates he possessed between the Blackwater and the sea’, Ó Buachalla, *The Making*, lgh 473, 476.

43 Is mar seo a mhíniú Brian Ó Cuív é: ‘The first [factor] is the subsequent downfall of the House of Stuart and the ascendancy of the Protestant faction – heirs to some extent of the Republican Puritans. The second factor is that ‘operation Lisle’, as I might call it, was an Irish affair, carried out by men some or all whom were Catholics. I feel sure that if it were the work of Protestant English supporters of Charles II, these would have been hailed as heroes and few questions would have been raised about the legality or morality of their action’, Ó Cuív, ‘A seventeenth-century agent’, lch 143.

44 Tá sé léirithe ag Damien Ó Muirí agus agam féin go raibh dlúthbhaint ag teip Shéamais Óig Mhic Coitir pardún a fháil tar éis a dhaortha i 1720 leis an mbaint a bhí ag a athair le marú John Lisle i 1664, Damien Ó Muirí, ‘Séamas Óg Mac Coitir agus an Díl Gallda’ in E. Mac Cárthaigh agus J. Uhlich (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle* (Conamara, 2012), 721-68, agus T. L. Ó Murchú, *Na Marbhnaí*, lgh 1-80.

Cúirt Bhaile na Speire

Ba í Ellen Plunkett an dara bean a phós Séamas Mac Coitir i mí Lúnasa 1688 agus spré mhór £3000 ina bóthar.⁴⁵ Teaghlach cumhachtach Caitliceach le breis is 4,000 acra plandála ab ea na Pluncéadaigh, Seacaibítigh a choimeád a gcuid sealúchais faoi Chonradh Luimnigh. Saolaíodh a gcéad mhac dóibh, Séamas Óg Mac Coitir, an bhliain dar gcionn. Is ón tréimhse sin 1692 go dtí bliain a bháis is mó a bhí scíth agus sos ag an ridire ina shaol. Ní fios go díreach cathain a tugadh faoi chúirt Bhaile na Speire ('Cotterslodge' as Béarla) a thógáil – uair éigin sna 1670í déanacha, ní foláir. Ní haon ghnáth-thigh a bhí i gceist leis an gcúirt ach áitreabh a bhí chomh galánta agus chomh hiontasúil le haon tigh a tógadh in Éirinn i dtreo dheireadh an 17ú haois:

Annegrove (formally Ballinsperrig) Carrigtowhill, co Cork ... A remarkable late C17 house rather like a French manor house ... The house consisted of a rather high 2 storey 5 bay centre with boldly projecting square corner towers of 1 bay each. The towers were also 2 storey and their cornice was at the same level as that of the centre; but the pyramidal roofs which were slightly lower than a high-pitched roof of the main block. The cornice was well-moulded, and there was a prominent string course between the two storeys, continuing round the towers. The doorcase had an entablature. One of the rooms originally contained a 'velvet bed with hangings and gold brocade' which was said to have belonged to Charles I and to have been given by Henrietta Maria 'as a mark of her royal favour and thanks' for having successful action against Lisle. James II is traditionally supposed to have stayed a night in the house and to have slept in this bed ... The house was still standing in ca 1950's; but it had been demolished by ca 1965'.⁴⁶

Chomh maith leis an ábhar saibhris a chonacthas sa chúirt, bhí saibhreas an léinn agus na n-ealaíon á chaomhnú ag muintir Choitir, leis. Níl aon tuairisc againn ar athair an ridire, Éamonn Mac Coitir, a bheith ag maoiniú na héigse – cé gur dóichí go ndéanadh sé amhlaidh, mar ba dhual do thaoiseach Gaelach lena linn – ach tá tarraingt ar fhoinsí againn a léiríonn dúinn an 'mhórchomaoin' a rinne Sir Séamas ar theanga na Gaeilge, ar fhilí, ar cheoltóirí agus ar lucht foghlamtha. Is mar seo a chuir Dónal Ó Colmáin é:

Acht níor áirmheas ann seo na mórchumaoin do chuir [ar] an tteangadh nGaidheilge ag bronnadh óir et airgid d'éigsibh et d'aois téud nó ealáadhan, et d'fhileadhaibh foghlamtha, ṛbíodh a fhiadhnaise sin ar an leabhar suathantais noch atá le taisbéanadh, ṛdo-rinneadh i n-onóir ṛa n-ádhmholadh an riodaire réamhráidhte.⁴⁷

45 Bass U68160/19/20. B'iníon don 7ú Tiarna Lú, Mathew Plunkett, í Ellen.

46 Mark Bence-Jones, *A Guide to Irish Country Houses*, (Revised edition, London, 1990) lch 6. Tá grianghraf den chúirt a tarraingíodh i 1908 ann, leis.

47 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll. 129-34. Tá an duanaire seo a dtráchtann Ó Colmáin air cailte anois.

Agus mar a dúirt Conchúr Mac Cairteáin, tamall de bhlianta ina dhiaidh sin, ina réamhrá le *Agallamh na bhFíoraon*:

... is iomdha comaoin maille bronna óir agus airgid tug an Ridire ró-uasal Séamas Mac Coitir d'éigsibh agus d'úghdaruibh Gaoidheilge.⁴⁸

Tuairimíonn an tOllamh Breandán Ó Conchúir gur ón am a bhí Sir Séamas ar ais in Éirinn, c.1682 ar aghaidh, agus go háirithe i rith na tréimhse síochána a chaith sé idir 1691-1705, is mó a rinne sé friotháil ar an éigse. Ní dóichíde rud de ná go raibh sé ag maoiniú a lucht ealaíne ón uair a thóg sé seilbh ar Bhaile na Speire óna leasmháthair, fiú amháin chomh fada siar le 1675. Bhí teann ar a chúla aige ó 1672 ar aghaidh nuair a ceapadh é mar rúnaí agus mar mharascal ar na hOileáin Leeward. Is timpeall an ama chéanna a tosaíodh ar chúirt Bhaile na Speire a thógáil. Tá an dealramh ar an scéal gur chaith Mac Coitir níos mó ama in easnamh ó na hOileáin Leeward ná mar a thug sé iontu. Baineann sé le ciall gur i gCorcaigh, áit a dhúchais, a chuid tailte agus a thí, a bhí sé ag cur faoi, murar sall agus anall ó Shasana a bhí sé, leis. Is féidir linn an chaint a rinne Dáibhí Ó Bruadair in *Is urchra cléibh gan éigse cothrom ar bun* a chum sé timpeall 1692, a úsáid mar shlat tomhais ar stádas Mhic Coitir trí shúile an fhile mhóir – a bhí ag an tráth seo dá shaol tar éis titim chun dealúis, cheal pátrúntacht cheart a bheith ar fáil dó. Cásaíonn an dán meath na filíochta cheal phátrún cóir agus de dheasca chaighdeán na bhfilí nua – téann sé i bhfaid lena chuntas, á rá ná raibh ach aon phátrún amháin le dealramh fágtha sa Mhumhain don fhile fánach. Ba é sprioc ‘an bile sir Séamas saor Mac Coitir’, fear nár thug a chúl do ‘tréithe fortaile fir’. Is ar a dhaonnacht leis an éigse a dhíríonn Dáibhí seachas ar a ghaisce mar shaighdiúir ‘mar thuilleadh le héachtaibh léire a choilg sa chruibh / do chuidigh don fhéile réidhteach ochtair a bruid’.⁴⁹ Deir Uilliam Mac Cartáin an Dúna, ina dhán molta do Sir Séamas, *Níor bhoirbe an fhoireann sin in árthaitbh Gréag*, gur don éigse ba mheasa é dá marófaí Sir Séamas fad a bhí sé san Eilvéis ar thóir Lisle:

Is d'éigsibh na hÉireann ba dhoilbh an ciach
Idir phéistibh Genéva dá gcodladh an triath ...⁵⁰

Faoi chasadh an chéid, bhí stádas agus tábhacht shoch-chultúrtha agus socheacnamaíochta bainte amach ag Sir Séamas Mac Coitir in oir-thuaisceart Chorcaí. Ba é an Coitireach príomhthaca na héigse sa cheantar máguaird, agus príomhthaca na cléire, leis.

Más comaoin a rinne Sir Séamas ar an éigse, is cosaint – chomh fada is a bhí ar a chumas – a thug sé don chléir Chaitliceach. Ceapadh Eoin Baiste Mac

48 Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, lch 214.

49 Mac Erlean, *Duanaire*, lch 196, ll. 1, 25, 28-29. Línte 28-9 aistriithe ‘Besides his other brilliant deeds of sword and hand he did his share / In helping bounty to deliver eight men from oppression vile’. Deir Mac Erlean, faoin ‘ochtair’: ‘Eight literati of the well-known Blarney school’.

50 Breatnach, ‘Togha na hÉigse’, lch 100 agus Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll. 2288-91.

Sleightne (†1712) ina easpag ar dheoise Chorcaí agus Chluana sa bhliain 1693. D’fhill seisean ar Éirinn tar éis a cheaptha, go Baile Átha Cliath ar dtús in Aibreán na bliana céanna. Cúis mhórtais agus chomórtha ab ea é seo d’fhill an cheantair sin, mar a léiríonn dánta a thagann chugainn ó Dhiarmaid, is ó Dhonnchadh mac Sheáin Bhuidhe, Mac Carthaigh, ó Thadhg Ó Dálaigh Dhún ar Aill agus ó Dháibhí Ó Bruadair.⁵¹ I bhfómhar na bliana 1694 a fuair an tEaspag tearmann i mBaile na Speire; níorbh aon ionadh má tharraing sé amhras agus fuath ó Fhuigeanna cumhachtacha an cheantair, an Chéad Bhíocunta Midleton, Alan Brodrick (1656-1728), ina measc.⁵² In éagmais aon áite eile cóir nó sábháilte a bheith ar fáil d’Eoin Baiste, is i gcúirt na gCoitireach a mhair sé ar feadh trí bliana, idir 1694-97. Is mar seo a thrácht Ó Colmáin ar an tréimhse:

... go ttáinig Eóin Baiste Mac Sleidhne tar fairrge, et an tan soin do bhí an aimsir comh buadhartha, na heascáirde comh fuathmhar, et na hÉirionnaig cómh tais comh lagbhríoghach sin go rabhadar faitchiosach fá aoneasbog d’fhulang ina do bheith a’ taitheidhe ionna ttigtheibh d’eagla go ccumfuidhe plot nó tréason orra, et níor bhean sin do Shéamus feiste et fáilte do thabhairt don cheann feadhna áirdchéimionnach sin na hEaglaise tuille et trí bliadhna go prímhleideach, et eaglais Chóige Mumhan ᵐ mórán do na cóigeadaibh eile do bheith ag triall go laothamhuil ᵐ ag teacht ag fiosrúghadh an easboig, ar mhodh go mbíodh caibidil ᵐ coimhthionóil gheinearálta go minic aco a ccúirt Bhaile na Speire, iondas munadh mbeith an teanna ᵐ an tarmuin sin do-rine Séamus dóibh go madh cruaidh don phréaláid óirdhearc fanamhuin san náisiún.⁵³

Tugann cuntas Uí Cholmáin éachtaint thar a bheith suimiúil ar an sórt saoil a bhí i dtigh Bhaile na Speire; na Gaeil a bhí ‘tais’ agus ‘lagbhríoch’ tar éis an chogaidh agus le héirí na Cinsealachta; ‘faitíos’ orthu go gcuirí ‘plot’ nó ‘tréasan’ ina leith. Rinneadh ionad reiligiúin de Bhaile na Speire ina mbíodh eaglais Chúige Mumhan agus níos sia ná sin go ‘laethúil’ ‘ag teacht agus ag fiosrú an easbaig’.⁵⁴ Bheadh baint ag an easpag le hEoghan Ó Caoimh, Conchúr Ó Corbáin, Donnchadh agus Diarmaid mac Sheáin Bhuidhe, Uilliam Mac Cartáin, Tadhg Ó Dálaigh, Dónal Ó

51 *A phlúr na bhfear do theagaisc díodhach san Róimh* le Donnchadh mac Seáin Bhuidhe, *Eóin do baisteadh ó’s feasach a theacht tar tuinn* agus *A athair gan chealg*, ᵐ *a shagairt is fearr sa domhan* le Tadhg Ó Dálaigh, agus *Is tórmach ceatha is ceó do sgaípe* le Dáibhí Ó Bruadair, chomh fada lenár n-eolas is in ‘Boston College Ms.’ 5 amháin atá an dán 52 líne seo. Eagrán á ullmhú ag an Dr Liam P. Ó Murchú.

52 Fuig cumhachtach le tailte fairsinge timpeall Abhann Móire ab ea Brodrick. Bhí sé ina Leas-Ard-Abhcóide ar Éirinn i 1690, agus é den tuairim go raibh Conradh Luimnigh róbhog ar na Seacaibítigh. Frithpháipaire diongbháilte ab ea é, agus bhí sé ar dhuine de phríomhchothaitheoirí na bPéindlíthe in Éirinn. Féach DNB s.n. Brodrick, Alan, agus Ó Buachalla, ‘The making of a Cork Jacobite’, lch 492.

53 Ó Cuív, *Párlament na mBan*, ll. 113-28.

54 Níorbh aon ghnátheaspag é Mac Sleightne ach oiread. Bhí seisean, ar nós an Choitirigh, ina phátrún ar an éigse. Dúirt an tAthair Conchúr Mac Cairteáin – duine de na filí a scríobh dán adhmholta in *Párlament na mBan* – faoi nár ‘fhágaibh sé aoinleabhar Gaoidheilge dá bhfuair sé a Leath Mogha gan a ccur uile dá naithsgriobha air a chostas féin’. Féach Breandán Ó Conchúir, ‘Eoin Baiste Mac Sleightne, Easpag (1693-1712), agus Pátrún ar an Léann Gaelach’ in P. de Brún, S. Ó Coileáin agus P. Ó Riain (eag.), *Folia Gadelica* (Corcaigh, 1983).

Colmáin, Dáibhí Ó Bruadair agus a thuilleadh nach iad. Bhí Baile na Speire ag feidhmiú mar cheanncheathrú chultúrtha agus eaglaise na dúiche. Bhí, mar a deir Breandán Ó Buachalla, neicseas soch-chultúrtha Gaelach idir chliar, fhile agus phátrún ag gníomhú ann, a bhuíochas ar fad don ridire Sir Séamas mac Éamoinn Mac Coitir.⁵⁵ Bhí an Eaglais Chaitliceach ceangailte go domhain san uasaicme Ghaelach. Ba shlat tomhais é an dlúthbhaint a bhí aici le cúirt agus le muintir Choitir ar a conách agus ar a stádas sa cheantar máguaird nó in Éirinn ar fad. Tháinig athrú ar chúrsaí i 1697 nuair a tugadh An tAcht Díbeartha isteach: ‘An Act for banishing all Papist exercising any ecclesiastical jurisdiction, and all regulars of the popish clergy out of the kingdom’.⁵⁶ Acht é seo a bhí dírithe ar a leithéid de shaol is a bhí i mBaile na Speire a scrios, rud a rinne gan rómhoill.

Is i Sasana, ar an Mór-roinn agus go háirithe sna hIndiacha Thiar a leag Sir Séamas mac Éamoinn Mac Coitir na máithreacha chun an neicseas soch-chultúrtha Gaelach a bhí ar barra le linn a laethanta déanacha i gceantar Charraig Tuathail. Is faoi bhrat na Stíobhartach agus trína ghliocas agus neamhthrócaireacht mar shaighdiúir agus mar ghobharnóir a bhailigh sé airgead, cumhacht agus deis chun a impireacht bheag féin a thógáil ina dhúiche féin. Bhí sé crua cealgánta agus ionraic mar fhear troda, é cothrom agus seasmhach le Protastúnaigh agus Caitlicigh nuair ba cheart a bheith. Bhíodh an Coitireach seo sásta ligean air gur Phrotastúnach é chun a chuid tailte in Éirinn a chaomhnú fad is a bhí sé thar lear, agus a rólanna sna hIndiacha Thiar a choimeád socair le linn dó a bheith in imigéin. Ach ar theacht an chogaidh, is leis na Stíobhartaigh a thaobhaigh sé. Is é an creideamh Caitliceach a lean sé agus a chosain sé agus é ar ais in Éirinn sna blianta déanacha. A sheirbhís agus a dhílseacht don ríora Stíobhartach na rudaí is mó a raibh leanúnachas ag baint leo ina shaol; bhí gach rud eile siar agus aniar.

Modh Eagarthóireachta agus Lámhscríbhinní

Is ar an gcóip den dán atá in RIA 23 L 37 a bunaíodh an t-eagrán seo. Mínítear sna nótaí téacsúla nuair nár cloíodh go docht leis an lámhscríbhinn. Leanadh gnáthchóras litrithe ár linne i.e. an litriú atá in *Foclóir Gaeilge-Béarla Néill Uí Dhónaill*. Cloíodh leis an litriú stairiúil nuair a d’éiligh an mheadarach é. Leanadh an lámhscríbhinn maidir le forainmneacha agus réamhfhocail chomh fada le foirm ach tugadh iad chun caighdeáin sa chás nach raibh aon athrú fóineolaíochta suntasaí i gceist. Tá na ranna leagtha amach go soiléir sa lámhscríbhinn mar atáid anseo, ach is é an t-eagarthóir a thóg cúram na poncaíochta air féin. Is difríochtaí suaitheinseacha le téacs an eagraín ó thaobh litrithe, focal, meadarachta agus comhréire atá taispeánta sna *variae lectiones*.

55 Ó Buachalla, ‘The making of a Cork Jacobite’, lch 472.

56 The Banishment Act (9 WILL III, C.I). Féach Maureen Wall, *The Penal Laws, 1691-1760* (Dundalk, 1967).

Meadarach

<i>Caoineadh</i>	(ll. 1-204)	{ y - x - x - é - }
<i>Amhrán</i>	(ll. 205-8)	{ (-) é - - é - - o - a - }

Déanann na gutaí -i-, -u-, agus -o- comhfhuaim lena chéile, e.g. l. 39 *ridire: curadh*, l. 104 *ridire: cumasach*, l. 186 *snoite: chuirfios*. Faightear sraith ó áit go chéile ina mbíonn an guta aiceanta sa chéad troigh ag déanamh comhfhuaim e.g. *dúil, dtúis, lúfar, cúlchas, Siúd* (ll. 25-9). Níl ach trí through i línte áirithe agus an chomhfhuaim inmheánach aistrithe chun tosaigh e.g. *diombádach i nguthard gan traochadh* (l. 10). Uaireanta is é an guta céanna atá sa chéad siolla aiceanta is atá sa dara agus sa tríú ceann, e.g. *go Cathair chaismearthaigh dhaingin Ginéive* (l. 32). Bíonn comhfhuaim dhúbailte mar mhaisiú breise i línte áirithe e.g. *mo dhainíd do ghealbhúon go déarach / a í - a í - /* (l. 7).

An Téacs

Is och im chliabh 's is diachair phéine,
 snaidhim nimhneach, mo dhíthchreach gan réiteach
 - d'éis ar chríon dár saothibh saora -
 4 do chur síos fá líog, a Shéamais.

A fhir fhorasta, dob oirdheirc méinmhaith
 's a chathbhíle fhadscriobaigh éachtaigh,
 mo dhainíd do ghealbhúon go déarach
 8 is comhra mar chóta is mar éide ort.

Do chlann uasal buartha i t'éagmais
 diombádach i nguthard gan traochadh,
 na mílte scread ag flathaibh cléire
 12 id dheoidhse agus geoin na héigse.

Aithnim siúd, mo pháir, mo ghéarghoin,
 nár fhan lonnradh i ngnúis na gréine
 's ná fuil inár ndúithigh ach smúit is éiclips
 16 ó chuaigh uainn san uaigh ár dtréanfhear.

Níl bean díobh i síbhrog aolbhaigh
 ag Toinn Chlíodhna ná ag Toinn Téide
 ná bean Chais na Craige Léithe
 20 ná fuil go hard id dheáigh faoi mhéala.

Ba curadh-chlú don Mhumhain, is féachtar
 an dreagan donn ba lonn i spéirling,
 do chleachtadh ga is each is éide
 24 is fastaoim phrionsaí, diúicí is réxa.

Dúil in armaibh gaisce agus faobhair,
ar dtúis do ghaibh faoi bhrataigh Shéarlais
go lúfar neartmhar cleasach léidmheach,
28 cúlchas earrach eangach éadrom.

Siúd an flaith i mbarc thar tréanmhuir
mar d'ordaigh reacht is ceart an tséala,
do chuaidh suas géir chruaidh an céim sin
32 go Cathair chaisimeartaigh dhaingin Geneva.

Is ann fuair radharc ar Lisle an éirligh
is é go trúmpach trúpach tréanmhear,
do chuaidh isteach go prap mo laochsa
36 is tug dho goin go ngoimh an éaga.

Tar n-ais nuair fhill an mílidh séanmhar
tug an rí dho pinse 'na éiric,
do rinn sé ridire don churadh is don fhéinnidh
40 is tug sé gairm dho, gradam is baochas.

An uair do chonaire go cunnail Rí Séamas
méad a ghradaim, a cheana is a chéime
tug sé cumas do, urraim is tréin-neart,
44 is ceannas go fairsing san machaire ar laochra.

Do bhí sé síleach soighdeach saothrach,
soineanda suaimhneach stuama stéadach,
cleasach ceardach láidir léimneach,
48 cneasta ceansa gan chrandacht fé sin.

Do bhí dom baramhail bagrach baolach
ar bhathlachaibh breaganta an Bhéarla;
do chuireadh tláith an táin gan bhréagnach
52 'na rith ón spairn lena armaibh éachta.

Do bhí fós, ní fógairt bréige,
carthanach cráifeach, grámhar, daonna,
cródha córach cóipeach caomhcheart,
56 dathach dána dáilteach déarcach.

Do bhí slógach srólach séimhghlan
'na chiste chliar 's 'na riar ag béithibh
'na chumann ceoil is eolais céime
60 ina ursain fhial 's 'na thriath ag éigsibh.

Tá Baile an Speiridh go deifearach déarach
gan chongháir, mo dhiombádh is mo léan bocht
ar dhul a flatha, aiste in éagchruit
64 ar muin each gan neart ina ghéagaibh.

- An brog barrfhionn beannach béasach,
's an brog buíonach bíomach bréideach,
an brog uaitheach uasal aerach,
68 's an brog daoimhar draoitheach dréachtach,
- an brog sciathach sriantach stéadach,
'san brog leathan lannach laochrach,
an brog líneach líofa léannta,
72 'san brog cliarach ciallmhar caomhcheart,
- An brog fíorghlan fíona is féile,
'san brog áthais álainn aolta,
brog na mbán-mban málla maorga,
76 'san brog greadhnach gadhrach gaotrach.
- Mar a mbíodh líne ' shaoithibh séimhe
is gealfhíon i gcannaibh dá thaoscadh
a' fastaoim ar hallaibh an fhéinnidh
80 is lucht ealaíon a' gleacaíocht le chéile.
- Mar a mbíodh siúl an Diúic 's a ghaolta,
mar a mbíodh iarlaí tiarnaí is tréinfhir
is Carthaigh áille na Blaman aolta
84 An Barrach Mór 's a chóip go gléasta,
- An tIarla Ó Briain an triath in éachtaibh
na Gearaltaigh chalma agus Buitléaraigh
Ó Ceallacháin socair sámh séimhghlan;
88 is é budh shnoite i dtoisibh éigse.
- An Báróideach an sárleoghan éigneach
's an Sáirséalach uasal stuama léannta
's gach saoi b'fhearra d'fhearaibh Éireann
92 do thíodh le searc is gean dá éileamh.
- Ceolta sí agus rince is pléireacht
triatha grinn is buíne léannta
cliar go hard is dáimh is éigse
96 is fuaim na mara ag teacht dá n-éisteacht;
- mara mbíodh long ar lúth ag léimnigh
ar bharr na dtonn gcubhrach ngléigeal
ag teacht ó iathaibh ciana ar saothar
100 le hearraibh sróil is óir is éadaigh.
- I bhfolaibh uaisle anuas 'na réimrith
fé mar áitíd fáigí is cléirigh
mar fhoilsíós cairt is ceart is éigse,
104 do thit an Ridire cumasach, Séamas.

- D'fhuil an phrionsa thnúthaigh éachtaigh
do bhí sealad i gceannas na hÉireann
a ainm dhíbh im laoi Tuirgéisius,
108 mac borb Rí Lochlann tréine.
- Do thit sé isteach i sleachtaibh Éibhir,
an mac dob uaisle rug bua Éireann
an míle cruaidh do ruaigeadh tréinfhir
112 's do chuir Tuatha Danainn lena arm faoi ghéilleadh.
- Creach Luain – monuar – thu agus méala,
creach na huaisle is tuaithe in éineacht,
creach dod chuaine is fuacht dod ghaolta
116 is creach na dtrua agus muarchreach cléire;
- creach na lag thu is creach na dtréinfhear,
creach na sean tu is creach na mbéithe,
creach n-óg – mo bhrón a dhéanamh –
120 is creach uaigneach chruaidh don éigse.
- Mo lánchreach do lámh dheas gan aon neart,
an lámh nár ob don bhocht bheith déarcach,
lámh lúfar na dtrúp do chlaonadh
124 is lámh láidir i mbearnain bhaogail;
- lámh chróga fhóbartach thréanmhear,
lámh gan faillí ghaiscígh éachtaigh,
lámh na scataí is geataí ' raobadh
128 ar gach buíon dá rí ná géilleann.
- Tá Carn Tiarna id dhiaidh go léanmhar
is Cnoc Rátha ag gáirthigh taobh ris,
Cnoc an Fhiaigh gan trian a chéille
132 's An Cnoc Breac ag stathadh a chéibhe.
- Do chím arís go scíosmhar déarach
Corcaigh ag cáf 's a' caoineadh a céile,
Carraig Thuathail 'na huail chraosaigh,
136 bailte an Chuain is Cluain gan traochadh.
- Do chuaigh i ndísce An Laoi gan éigne
sruth Chluana Mín is Bríd na gcraobh nglas,
sruth Bandan a' cantlamh 's an Fhéile
140 is Gleann Maghair gan radharc gan éisteacht.
- An tSionnain go dubhach gan long gan caolbharc
is sruth na Siúire i bpúir gan éisc ann
an Fheoir i gcumha 's mar siúd Loch Éirne
144 is Loch na Blarnan báine is Léinloch.

- Níl coill san tír nár chríon a caolach
nó 'na ráinig a bláth 'na éagmais,
gan seabhac gan chreabhar gan teann éanlaith
148 gan chuach 'na buaic acht uail na bhfaolchon.
- Mo bhrónchreach nár hóradh le béasaibh
m'eolas nár fhóbaire bheith tréitheach
lem ghlórtha go seolta go ndéanfainn
152 moladh ceart do phearsain tSéamais.
- Do thuill uaim, ní luafad bréaga,
an beangán forránta léannta,
leoghanta lóchrannach léidmheach,
156 a chaoineadh tré dhíogras dá bhféadfainn.
- Dá maireadh Diarmaid, grian na héigse,
is é do chaoineadh saoi na féile,
is é dob fhearra chum marbhna ' dhéanamh
160 dá raibh re cian san iath seo is féachtar;
- an uair nách maireann Tórna Éigeas
ná Mac Bruaidín budh suaic-gaois céille
ná an fear múinte Lughaidh Ó Cléirigh,
164 is deacair dúinne a chumha le dréachta.
- An uair nách fuil go hard i gcéimibh
Ó Dálaigh nó Ón Cháinte taobh ris
ná Ó Donnchadha an chocaill chúil chraobhaigh
168 is cóir gur docair dhúinn moladh clú an fhéinnidh.
- An uair ná maireann, d'aithle an scéil sin,
Nuadhu Fionn badh túr don éigse,
is gan Ó Duinnín cnismhín taobh riom,
172 cuirfead siúl na cumha chum cléire.
- Ar dtúis chum Donnchaidh oirdheirc ghléighil
is chum an Bhrianaigh chiallmhair léannta,
chum Conchubhair mhúinte ó Chúil na geraobh nglas
176 is chum Mic Conmara is gasta i dtéacsaihb.
- Chum Dochtúir Dálaigh fáidh na féile
is chum an Bharraigh chneasta Séamas,
chum Sionnaigh an tseoil sa chósta in éineacht
180 is chum Athar Colmán cochaillbhláth caomhcheart.
- Is chum gach fáidh is fearr in Éirinn
is cliste ceard i ráitibh léannta
chum saoi gach tuaithe is uaisle béasa
184 is chum na dtriath seo im dhiaidh is déarach.

- 188 Dochtúir Mathghamhna fada úr gléigeal
 's é go snoite do chuirfios gnéithe air,
 Dochtúir Suibhne saoi na féile
 do scaipfeadh ar ghlac do rath gach Ceasar.
- 192 Dochtúir Dáth mo ghrá tar céadaibh
 dochtúir rialta diadha déarcach
 is dochtúir teann na ngall seo Éamonn
 dochtúir seang nách falsa méin mhaith
- 196 Dochtúir Coipinéar socair séimh tréitheach,
 is Dochtúir Colmán borbhfáidh géarghlan,
 's gach dochtúir is cosúil a déarfainn
 anoir 's aniar in iathaibh Éireann.
- 200 Chum Í Ghláimhín, fáidh bhinnfhaobhrach,
 is chum Donnchaidh Mac Donnchaidh an séimhfhear,
 chum Eoghain Í Chaoimh ag taoibh na Féile
 chum lucht na buile, na tuile is na ndaorceast
- 204 Sirim siansa is fialghuth cléire
 is sirim sciath na ndiadhach naofa,
 sirim Triath is Dia na spéire,
 dod chur ó phian ó chiach is ó chéasadh. *Amen.*
- 208 Mo léan bocht mo ghéarghoin mo dhortadh i gcantlamh,
 an té sin i gcré aniugh do ghoirtigh fann mé,
 laoch mear nár thaobhaigh bheith crosta cranda,
 Sur Séamas mac Éamoinn mac Coitir cheansa.

*Aistriúchán*⁵⁷

- (1-4) A groan in my bosom and distressful pain, a poisonous knot, my great loss cannot be replaced, after the withering away of our free chiefs, you James, are laid down in tomb.
- (5-8) You unwavering man, of sound and good mind, you warrior of extraordinary far-reaching exploits, my grief, your bright-company in tears, and a coffin upon you as a coat of mail.
- (9-12) Your noble children perturbed in your absence, mourning in unceasing loud-cries, thousands of well-to-do people and clergy crying out in your wake, and the noise of poets.
- (13-16) I see all that, my stinging wound, there is no radiance in the sun, all that remains in our territory is gloom and an eclipse, since our brave-man left us for the grave.
- (17-20) There is not a woman in enchanting white manors, at *Tonn Chlíodhna* or at *Tonn Téide*, or the woman of Cas of Craglea, who is not emphatically lamenting you.
- (21-4) A renowned warrior of Munster – and behold, the noble dragon who was fierce in strife, who practised spear, horse and armour, and past-time with princes, dukes and kings.
- (25-8) Keen for weapons, feats and blades, he first set out under the banners of Charles, agile, powerful, expert, bold; a waving head of hair, light, netted and adorned.
- (29-32) Off with the prince in a ship across the mighty-sea, as the law and justice and the (royal) seal ordained, he ventured forth, though hazardous was that endeavour, to that turbulent and fortified City of Geneva.
- (33-6) It was there he caught sight of murderous Lisle, accompanied by powerful trumpet-blowing troops; my hero promptly entered and delivered, with venom, a fatal wound.
- (37-40) When the successful champion returned the king gave him a reward of a pension, he knighted the warrior hero and he gave to him title, respect and thanks.
- (41-4) When King James benignly saw the respect, love and esteem he garnered, he gave him means, respect and great-power and considerable command over warriors in the theatre of war.
- (45-8) He was nimble, missile-firing, industrious; pleasant, tranquil, level-headed, horseman like, inventive, artistic, strong, supple; showing no weakness in his gentleness and kindness.

57 Ceadaíodh, i bhfo-áit, aistriúchán den dán seo is dóichí a bhreac agus a d'aistrigh, Peadar Ó Longáin (†1866) sa 'Cotter Ms.', lgh 115-21. Tá aistriúchán den chéad 12 líne breactha ag 'Joseph Longan' in Ls. Mhíchíl Óig Uí Longáin, NLI G. 98, 17, (1821-31), dar tús 'In my side there is a voilent [*sic.*] pain'. Níl an dá aistriúchán cosúil le chéile. Tá sé i gceist agam plé a dhéanamh ar aistriúchán an 'Cotter Ms.' amach anseo.

- (49-52) He was, in my opinion, threatening dangerous to the boastful louts of English speakers; he, without exaggeration, used to tame the hoards, and send them running from the fight with his weapons of valour.
- (53-6) Yet he was, it is no false declaration, charitable, religious, loving, humane; brave, pleasant, commanding, compassionately just, agreeable, bold, generous and benevolent.
- (57-60) He was abounding in troops, draped in satin, unblemished, a treasure to clergy and a provision to women, a lover of music and of high learning, a generous prop and a prince to poets.
- (61-4) *Baile an Speiridh* is in a state of urgency and tears, alas! without the cry of hounds, my sorrow, since the prince departed her in death, *drawn* on horseback, with lifeless arms.
- (65-8) The white-topped, turreted manor, where manners were displayed, a manor of many companies, well-decorated and made of beams, the pillared noble airy manor, the populous manor having poets and verses,
- (69-72) the mansion with shields, reins and steeds, and the spacious mansion, with spears and heroes in abundance, the mansion of fluent learning and of lined books, the mansion of clergy, of the sensible and the just,
- (73-6) the truly clean mansion of wine and hospitality, and the white-washed mansion of happiness and beauty, mansion of the gentle stately fair women, the bright mansion of pipe playing and hunting dogs.
- (77-80) Where there was a lineage of kind learned men, with white wine in containers quaffed, entertainment in the halls of the chief, and those with various arts contesting with each other.
- (81-4) Where the Duke and his relatives used to visit as did earls, lords and great-men, the delightful McCarthys of splendid Blarney, Barrymore with his well equipped troops.
- (85-8) The Earl of O'Brian, chief in feats, valiant Fitzgeralds and Butlers, calm pleasant and fair O'Callaghan; he was polished in the measures of the bards.
- (89-92) Barret the potent mighty lion, and noble prudent learned Sarsfield, and every noble of the finest men of Ireland, who used to visit seeking love and favour.
- (93-6) Enchanting music, dance and revelry, pleasant chiefs and learned companies, high-ranking clergy, bards and poets, with the sound of the sea coming to their attention;
- (97-100) where a ship used to bound and plunge on the crests of the foaming white waves arriving, with effort, from the yonder territories with goods of satin, of gold and of cloth.
- (101-4) Into noble bloodlines which descended without tarnish, as maintained by seers and scholars, as shown by charter, due-right and poets, came the powerful Knight, James.

- (105-8) Of the blood of that envious and powerful prince, who was for a spell in control of Ireland, I tell ye his name in my verse, Turgesius, ferocious son of the mighty King of Scandinavia.
- (109-12) He came into the descendants of Éibhear, the most noble son, who gained victory in Ireland, the hardy warrior who used to rout strongmen, and by his arms, he made Tuatha Dé Danann yield.
- (113-16) Alas! You are an unfortunate loss and sorrow, a loss to the gentry and the community together, a loss to your children and a void to your relatives, a loss to the wretched and a great loss to the clergy;
- (117-20) you are a loss to the weak and a loss to the strong men, a loss to the old and a loss to women, a loss to youth – I make my sympathy – and a lonesome and difficult loss to the poets.
- (121-4) Alas! your right hand is powerless, the hand that did not refuse the poor, through being charitable, a ready hand which did the troops subdue, and a strong hand in the gap of danger.
- (125-8) A brave aggressive powerful hand, a decisive valiant warrior's hand, a hand that shattered droves and gates of each gang who to their king do not submit.
- (127-32) *Carn Tiarna* is sorrowful in your absence with *Cnoc Rátha* crying by its side, *Cnoc an Fhiaigh* is without a third of its sense, with *Cnoc Breac* tearing its hair out.
- (133-6) I see, once again, tired and tearful, Cork weeping and lamenting her spouse, Carrigtwohill in a raging wail, the Cork Harbour's townlands and Cloyne without a lull.
- (137-40) The Lee ran dry and went without salmon, the stream of Clonmeen and the Bride of the green-branches, the stream of Bandon – her sorrow – the Feale and Glanmire are without vision or hearing.
- (141-4) The Shannon is dismal without a ship or a slender vessel with the stream of the Suir in grief and without fish, the Nore in sorrow and so is Lough Erne, as is white Blarney Lake and Lough Lane.
- (145-8) There is no wood in the country whose branch canopy did not wither / or that came into flower in his absence; there is no hawk, no woodcock, no mass of birds, / no cuckoo at its top, but the cry of wolves.
- (149-52) Alas! that not gilded with (good compositional) practices was my knowledge, that I am not nearly accomplished, with utterances skilled, that I could produce a proper eulogy for James.
- (153-6) He deserved from me, I shall not make falsehoods – the scion who was daring, learned, lion-like, leading and bold – to be lamented with vigour if I could.
- (157-60) If Diarmaid, paragon of the poetry, lived on, it is he who would keen the gentleman, he was the finest at composing elegies that lived in this territory for an age.

- (161-4) Since Tórna Éigeas does not live, or Mac Bruaidheadha who was agreeable and most wise, or the well-mannered Lughaidh Ó Cléirigh, it is hard for me to express his loss (Sir Séamas) in verse.
- (165-8) Since no longer in high station is O'Daly or Ón Cháinte by his side, nor Donoghue with flowing bunched up hair, it is no wonder it difficult to praise the hero's honour.
- (169-72) Since after these tidings, Bright Nuadhu, who was a tower of support for the bards is no more, and without smooth complexioned Dineen by my side, I will direct the procession of sorrow to (local) poets.
- (173-6) Firstly to illustrious bright-beloved Donough, and to the sensible learned O'Brien, to mannerly Connor from Cúil of the green branches, and to McNamara, keenest in forming verse.
- (177-80) To Doctor Daly sage of generosity and to the mild-mannered James Barry, to Fox of the sail at the coast together and to the smooth-cloaked enlightening Father Coleman.
- (181-4) And to every great poet in Ireland who is skilful at work with learned sayings, to the most noble mannered poet of each district, and to these chiefs, in tears as follows.
- (185-8) To Doctor Mahony, tall, free and fair, it is he who will skillfully beautify it (the poem), Doctor Sweeney the liberal gentleman who would throw off at hand the success of every Caesar.
- (189-92) Doctor David, beloved by me above hundreds, a religious theological charitable doctor, and Doctor Edmund steadfast with the English, a doctor subtle, not of a false mind.
- (193-6) Doctor Coppinger gentle virtuous, and Doctor Coleman sharp witted high-sage, and every doctor I could mention, from the east, from the west and in the territories of Ireland.
- (197-200) To O'Glavin, sweet and sharp-witted sage, and to Dennis Mac Dennis the mild-mannered man, to Eugene O'Keefe on the side of the Feale, to those of frenzy, of the flood and the difficult questions.
- (201-04) I beseech the chanting and the gentle prayers of the clergy, the shield of holy divines, I beseech the Prince and God of the heavens to keep you from pain, from sadness and from torment, Amen.
- (205-08) My wretched woe, my stinging wound, my immersion in sorrow. What has hurt and weakened me that in the earth today is a nimble warrior who was not inclined to mischievousness and petty – the gentle Sir James, son of Edmund, Cotter.

Lámhscríbhinní agus Variae lectiones

RIA 23 L 37 lgh 16-25. [208 líne], (A). Seán Stac. Corcaigh, sa chathair b'fhéidir. Tugann an nóta ag deireadh an dáin dáta cruinn críochnaithe dúinn *Finis per me John Stack Febr. 10th 1706/7*. Is luathchóip an-mhaith í seo, ó scríobhaí a bhfuil sártheist air, agus a thagann díreach as an dtimpeallacht liteartha chéanna leis an bhfile. Is uirthi a bunaíodh eagrán na haiste seo.⁵⁸

RIA 23 C 21 lgh 205-09. [208 líne], (C). Eoghan Caomhánach. Luimneach agus Tiobraid Árann, idir 1816-17. Cóip réasúnta gan aon ghaol díreach le A.

San Marino 1, lgh 361. [208 líne], (E). Tadhg Ó Conaill. Tobar Rí an Domhnaigh, Cathair Chorcaí, 1827. Cóip mhaith gan aon ghaol díreach le A.

RIA 23 O 73, lgh 293i -96, 297-98 [208 líne], (G). Tomás Ó Iceadha. Port Láirge agus Tiobraid Árann idir 1814-30. Cóip mhaith gan aon ghaol díreach le A.

NLI 711 'Cotter Ms.', lgh 115-21. [208 líne], (I). Peadar Ó Longáin (?). Oirthear Chorcaí, 1820f. Cóip mhaith agus gaol – indíreach is dóichí – aici le A.

NLI G. 222, lgh 23-6. [208 líne], (K). Seán de Barra. 'Bunasdó', co. Chorcaí, 1864. Cóip mhaith agus gaol – indíreach is dóichí – aici le A. Tá na leathanaigh stracaithe cuid mhaith.

RIA 23 N 12, lgh 146m-147. [62 líne], (M). Mícheál mac Peadair, Ó Longáin. Corcaigh (?), c. 1763. Cóip mhaith agus gaol – indíreach is dóichí – aici le A. Stadann sé go hobann ar líne 62.

NLI G. 353, lgh 280-3. [56 líne], (O). Pól Ó Longáin. Oirthear Chorcaí, 5 Iúil 1821. Cóip mhaith agus gaol – indíreach is dóichí – aici le A. Leagan gearra, d'aon ghnó, is ea é seo.

MN Murphy 7, lgh 17-9. [44 líne], (Q). Peadar Ó Longáin. Oirthear Chorcaí, 1818. Cóip lochtach agus dealramh uirthi gur ó bhéalaitheir a fuair sé í. Bhí an scríobhaí timpeall seacht mbliana déag tráth a breactha.

Lámhscríbhinn A:

17 éalbhaisc, **19** cas, **40** buidheachas, **41** gan cunnuil, **46** soighreanda, **52** sparuin, **59** céine, **86** buithléaraicc, **89** baróideach, **113** thú *et al.* **116** mór, **136** bailthe **148** uá na bhfaolchon, **171** cneasmhín **177** dochtuir Dála **187** dochtuir, **189** dochtuir, **195** cosamhuil.

Lámhscríbhinní eile:

1 péine CEGIO, **7** dhainíd M, **8** éidigh MO, **9** do chlogad CG, **11** is nach bhfuil ann E, cléire(íbh) CG, **12** dtréinfhear E, **15** faoid deaig C, fád dheaig G, **18** ag spéirling C, **21** thu dhon E, **22** banba O, **23** gaidh E, **24** faoi diuicidhe C, faoi dhiuicidhibh G, is tréinfhir O, **26** faoi bhrataibh G, **30** an Éirinn O, **31** chéim EK, **32** daingion CEGI, meirleach O, **34** trúpach trúmpach CEG, tumpacha trupacha tréinmhuir

58 Maidir le heolas ar Sheán Stac agus an timpeallacht liteartha sin, féach Breandán Ó Conchúir 'The Manuscript Transmission of Ó Bruadair Poetry' in P. Riggs (eag.), *Dáibhí Ó Bruadair: His historical and literary context*. Irish Text Society. Subsidiary Series 11 (Dublin, 2001), lgh 46-55.

O, **36** go goimh C, **37** an uair fhill E, treunmhar G, **41** go GEO **44** ar laochaibh G, **45** saoiléach foidhe C, **47** leidmheach C, leudmhach G, **50** bhriathlachaibh C, **52** éachtach C, gleusta G, **59** céime EOIK, **60** [O críoch] **61** baile an spéire G, **62** léan locht C, [M stad obann], **63** air ndul EG, abflatha C, a Fhlaithe G, [*aiste* in easnamh in G], (n)eagcruith CGEIK, **65** barrfionn E, bann (?) K, **68** díonmhur CEG, **71** líonach CG, éaghanta K, **72** céim-cheart G, **75** mánla CEG, mballa K, **76** san bhrig grian greadhnach C, **77** a mbídh E, **79** haladhuibh CEG, **82** tréanfhir K, **85** éachta G, **88** eachta CG, **93** raince C, buidhean CI ‘*na mara’ ar lár in C*, na néisteacht I (Dealraíonn go bhfuil an rann seo difriúil in K ach faraoidir tá sé doléite), **100** ... sróil, óir is éadaigh CEG, **102** faidhidh C, faíge E, is cleire C, **103** fhoillsighid G, **112** T-D-D (*Tuatha Dé Danann*) C, dé Danainn I, faoi sgeimhle CG, **115** dod gaoltaibh CEGK, **116** uaigneach chrúaidh E, **117** ttreanfhear CGK, **124** [G stad obann], **127** sgaithidhe is geathaoig C, sgathúidhe is geatúidhe E, **128** nach geil(l)fead CE, géillfidh G, géilleadh I, **134** Corcaidh, **135** Tuathail CG, **136** bailte G, **138** ccraobh glas C, **139-40** [línte cearta in easnamh, l. 141-2 curtha ina ionad. Línte 143-44 in 141-2. Nóta ag an scríobhaí faoi línte 143-4 ‘The two last lines being deficit I have added this’: *An mhaig geal breagh air tragh san fheile / san maoil cheard do thráig le chéile*] C, **148** gan buaic I, uail CG, n’uail E, **155** leomhanta G, **158** chaoinfeadh CEI, chaoinfeach K, coidhe G, **162** mac bruaideadha C, mac bruaidúidhe E, **163** lúghaidh E, **164** chumhadh C, dreuchtaibh G, **166** o Cainte C, ionnchainte E, **168** deacair C, **170** nuadha theann C, Nuaidh G, **173** gléigeal E, **175** ccraobh glas C, **176** mac CE, **179** sa cósa G, **182** a ráidhtibh CEG, **184** ttráithsi E, béasach CE, tréightheach G, **188** do scaip E, do sgaipeadh CGI, **189** Dáith C, **190** díadha ríaghalta E, **191** Reoman C, **195** cosmhuil riu G, **197** Chum Uilliam Uí Ghláimhin C, **202** ndhiadha E, **205** leunghuirt G, **206** go fann G, **207** bhiadh C.

Nótaí Téacsúla

- 1** *phéine* Ceadaíodh séimhiú an scríobhaí agus na gramadaí cé gur dóichí gur ‘péine’ a bheadh sa ghnáthchaint mar a thugann na malairtí le fios in CEGIO.
- 2** *nimhneach* Focal déshiollach leis an nguta fada -í- .
- 14** *lonnradh* Focal déshiollach leis an nguta fada -ú- .
- 18** *Tonn Chlíodhna* in aice le Cuan Dor, co. Chorcaí mar a bád Clíodhna. Is tonn darbh ainm Tonn Dúine Téide ar Thráigh Théite a scuab Clíodhna chun siúil ach bhí cáil na toinne sin anairde roimpi tar éis di Téde Bhreac iníon Raghmhach agus caoga ban óg álainn a bhá.⁵⁹
- 19** An Chraig Liath i gco. an Chláir. Is í Aoibheall an tsíbhean anseo. Buille faoi thuairim is ea an leasú *cas* > *Chais*.
- 24** *phrionsaí* Focal déshiollach leis an nguta fada -ú- .

59 Nessa Ní Shéaghdha (eag.) *Agallamh na Seanórach I* (Baile Átha Cliath, 1942) lgh 135-37.

- 26** An Rí Séarlas II (†1685), ach d'fhéadfadh gurb é Séarlas I a bheadh i gceist, féach thuas lch 140.
- 32** Is go dtí an Ghinéiv a chuaigh an bhuíon a threascair John Lisle an chéad uair ach is í Lausanne cathair an mharaithe.
- 33** John Lisle (†1664).
- 37-44** Fuair Mac Coitir pinsean bliantúil £200 i 1682 le linn ré Shéarlais II. Deirtear gurbh é an Rí Séamas II a rinne ridire de i 1685 tar éis Chath Sedgemoor (1685).
- 41** *go cunnail* Ceadaíodh 'go' na Lsí GEO anseo seachas an réamhfhocail diúltach 'gan' in A.
- Rí Séamas II (†1701). Deir Ó Colmáin go raibh an Coitireach ag Cath Sedgemoor agus léiríonn fianaise Uí Chuív gur dóichí go raibh. Deir Ó Cuív 'However, in one detail, at least, the author of *Párlíament na mBan* is incorrect if we are to take *farais* in 'tar éis bheith a mbualadh Diúic *Monmouth* farais' to mean literally 'along with him', for King James was not present at the battle'.⁶⁰ Ach, má thógaimid abairt Uí Cholmáin ina hiomláine: '... féuchamaois ar an ccion do bhí ag Rígh Séamus a[i]r tar éis bheith farais féin a seacht cathaibh a cogadh na fairrge, et tar éis bheith a mbualadh diúic *Monmouth* farrais ...',⁶¹ d'fhéadfá an 'farrais' a léamh mar 'along with (at the battles)', is é sin an gníomh féin san uathu, seachas 'along with him' nó mar 'chomh maith leis sin'.
- 43-4** Rinne an Rí Séamas II Gobharnóir Chathair Chorcaí agus an Oileáin Mhóir de i Feabhra 1690, bailitheoir cánach cho. Chorcaí i mí Aibreáin, agus is é a thug ceannaireacht ar dheich dtrúpa dragún le 500 fear dó i mBealtaine na bliana céanna.⁶²
- 48** An chomhfhuaim / au – – au / sa líne seo.
- 50** *breaganta* Ón mBéarla 'to brag'. Níl ach trí shampla in *Corpas na Gaeilge 1600-1882*, ceann ó Dháibhí Ó Bruadair agus dhá cheann ó Sheán, na Ráithíneach, Ó Murchú. Is ón timpeallacht liteartha chéanna iad ceathrar.
- 65** An chomhfhuaim / au – au / sa líne seo.
- 66** Foirm aidiachta de *bréid* = 'cloth, canvas'. Bheadh an tigh feistithe leis an gcuid is fearr den éadach, rugaí agus brait.
- 75** *na mbán-mban* Baineann ár bhfile úsáid as urú orgánach chun maisithe ar 'ban' nuair go stairiúil is le 'na mbánbhan' a bheifeá ag súil.
- 81** Is deacair a rá cén 'diúic agus a ghaolta' a bhí siúlach ar an gcúirt. Deirtear gur fhan Rí Séamas II oíche i mBaile na Speire ar a shlí chun Baile Átha Cliath i Márta 1689, bhí an teideal 'Duke of York' aige sula ndearnadh rí de.

60 Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 154.

61 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll.74-7.

62 Ó Cuív, 'A seventeenth-century agent', lch 156.

- 83** Is dóichí gurb iad Donnchadh an Chúil (†1665) agus a mhac Cormac Mac Carthaigh (†1665), Iarlaí Chlainne Carthaigh, ón mBlarnain atá i gceist anseo.
- 84** Risteárd de Barra 2ú hIarla an Bharraigh Mhóir (†1694) nó a mhac Séamas, 4ú hIarla an Bharraigh Mhóir (†1748).
- 85-6** Ba iad na Brianaigh iarlaí Thuamhan, b'fhéidir gurbh é Anraí Ó Briain (†1691) 7ú hIarla Thuamhan, atá i gceist. Ba iad na Gearaltaigh iarlaí Dheasumhan agus is iad na Buitléaraigh a bhí mar iarlaí is mar dhiúic ar Urumhain. Tugtar na trí coda a rinneadh de Chúige Mumhan le chéile sna línte seo: Tuamhain, Deasmhumhain agus Urmhumhain.
- 87** Donncha Ó Ceallacháin (†1690) nó a mhac Donncha Óg (†1698), a raibh sealúchas acu i Maidhim Talún, co. an Chláir, is dóichí. Tá an chomhfhuaim anseo / a – á : o – á / 'Ceallachán socair sámh' beagán mírialta.
- 89** An Coirnéal Seán Báróid (†1693) a raibh tailte aige i Mala agus a throid don Rí Séamas II i rith an chogaidh. Chaill sé a shealúchas faoi Chonradh Luimnigh agus b'éigean dó dul chun na Fraince mar a ndearnadh coirnéal ar *Gardes du Roi Jaques* de. Maraíodh é i gCath Landen, 1693.
- 90** Pádraig Sáirséal, Iarla Leamhcáin (†1693). Ceann de na ceannairí is mó cáil ó Chogadh an Dá Rí a throid do Rí Séamas II. Maraíodh an Sáirséalach i gCath Landen, leis, dá bhí is gur féidir linn a bheith cinnte go maith go bhfuil an Báróideach ceart againn ar líne 89.
- 105-12** Is ag tagairt don seilbh a fuair an Lochlannach, Tuirgéis, ar thalamh na hÉireann sa 9ú haois atáthar anseo. Tá cuntas sna hAnnálacha a deir go raibh sé i gceannas na Lochlannach ar fad a bhí sa tír ag an am. Mharaigh Maoil-Seachlainn é i AD 845, tuigítí gur eascair na Coitirigh ón sliocht Lochlannach seo.
- 109** Éibhear = Éire.
- 112** *Tuatha Dé Danann* Sliocht miotasach. Úsáidtear anseo é mar theideal ar na treibheanna a bhí i dtreis sa tír roimh theacht na Lochlannach san 8ú agus an 9ú haois.
- 129** *Carn Tiarna Áit* atá timpeall le fiche míle ó thuaidh ó Charraig Tuathail i bParóiste Ráth Chormaic, bar. an Bharraigh Mhóir, co. Chorcaí.
- 130** *Cnoc Rátha* Cnoc atá timpeall le hocht míle siar ó thuaidh ó Charraig Tuathail.
- 131** *Cnoc an Fhiaigh* Cnoc atá timpeall le cúig mhíle déag siar ó thuaidh ó Charraig Tuathail gairid do Charraig na bhFear.
- 132** *An Cnoc Breac* Cnoc atá timpeall le 25 míle siar ó thuaidh ó Charraig Tuathail i bParóiste Dhún ar Aill.
- 129-32** Is ag tagairt do liosanna síóg atáthar anseo seachas na háiteanna féin, leis an tuiscint go bhfuil na mná sí ag caoineadh an Choitirigh. Is móitíf choiteann sna marbhnaí í seo.

- 134** *Corcaigh* Barúntacht agus Cathair Chorcaí.
- 135** *Carraig Thuathail* An príomhbhaile is giorra do Bhaile na Speire mar a raibh cónaí ar na Coitirigh.
- 136** *bailte an Chuain* Cóbh agus bailte eile i gCuan Chorcaí. Bhí an talamh seo i seilbh na gCoitireach. *Cluain*, baile tamaillín soir ó Chóbh.
- 137** Abhainn na Laoi i gco. Chorcaí.
- 138** Fo-abhainn, ní foláir, leis an Abhainn Mhór i gCluain Mín i mbar. Dúiche Ealla. An Bhríd, fo-abhainn mhór leis an Abhainn Mhór.
- 139** Abhainn na Bandan in iarthar Chorcaí agus Abhainn na Féile a éiríonn i dtuaisceart Chorcaí agus a shníonn trí Mhainistir na Féile i gco. Luimnigh.
- 140** Baile fearainn agus paróiste ar na taobh thoir de Chathair Chorcaí. Sníonn An Ghlaise Bhuí tríd an ngleann, más ag trácht ar aibhneacha atáthar fós. Seans go raibh Abhainn Ghleann(a) Maighir mar ainm uirthi uair má ghlactar leis an ainm Béarla ‘Glanmoyer River’ ó shuirbhé a rinneadh i 1654.⁶³
- 141** Abhainn na Sionainne.
- 142** Abhainn na Siúire a éiríonn i dTiobraid Árann agus a théann i bhfarraige i bPort Láirge.
- 143** An Fheoir, abhainn a éiríonn i dTiobraid Árann agus a théann i bhfarraige i bPort Láirge.
- *Loch Éirne* An dara loch is mó in Éirinn. Tá sé i gco. Fhear Manach.
- 144** *Loch na Blarnan* Sa Bhlarnain i gco. Chorcaí.
- *Léinloch* Loch Léin i gCill Airne, co. Chiarraí.
- 148** *uaill D’fhéadfadh* gur ‘uath’ is ciall le úa na lámhscríbhinne A. Ba dhóigh liom gur mó céille a dhéanann ‘uaill’ (CGE) agus é ag trácht ar an gcuach díreach roimhe, ‘cloistear’ an chuach mar aon le huail.
- 149-56** Cuireann an file a chuid umhlaíochta i dtreo a ghairme agus na bhfilí a tháinig roimhe in iúl trí é féin a thabhairt anuas céim nó dhó. Seo tréith a bhíonn i marbhnaí den sórt seo ar uairibh. Luann sé filí, saoithe, gaiscígh agus cléirigh mar chuid den ghluaiseacht dheireanach seo a chríochnaíonn ar líne 200.
- 157** Diarmaid, mac Sheáin Bhuidhe, Mac Carthaigh (†1705). File clúiteach a bhí ina uachtarán ar scoil éigse Charraig na bhFear agus mar oide ar Uilliam an Dúna, cailleadh Diarmaid i mí Feabhra agus Sir Séamas sa Mheitheamh.
- 162** *Mac Bruaidín* = Mac Bruaideadha.
- 161-4** File a mhair sa 4ú haois, má mhair, ab ea Tórna Éigeas. Mhúscail dán, a luadh go neamhcheart le Tórna, ‘Iomarbhá na bhFilí’ i dtosach an 17ú haois – aighneas fileata idir filí an deiscirt agus an tuaiscirt. Theas san ‘Iomarbhá’ bhí Tadhg Mac Dáire Mac Bruaideadha (†1652), ollamh na mBrianach agus thuaidh bhí Lughaidh Ó Cléirigh (†1630), taoiseach

63 www.logainm.ie, s.n. Gleann Maighir.

- na gCléireach in Ultaibh. Bhí dea-theist ar an mbeirt i dtaobh a gcuid filíochta.⁶⁴
- 166** Fear Feasa Ón Cháinte, file clúiteach a bhí suas i gceantar na Bandan i dtosach an 17ú haois ach níl dátaí cruinne againn dó. Ghlac sé páirt san ‘Iomarbhá’, leis. Is dóichí gurb é an Dálach Aonghus Rua Ó Dálaigh (†1617) ó Chill Chrócháin in iarthar Chorcaí, cheap Ón Cháinte marbhna 180 líne air de réir dealraimh.
- 167** Séafraidh Ó Donnchadha an Ghleanna (†1678) ó Ghleann Fleisce, co. Chiarraí is dóichí.
- 170** *Nuadhu Fionn* Rí miotasach ar Thuatha Dé Danann.
- 171** Ó Duinnín Tadhg Ó Duinnín(?), file Iarla Chlainne Carthaigh sa Bhlarnain sa 17ú haois. Seans gurb é an fear céanna a bhreac RIA 23 O 72 i mBaile Átha Cliath i 1705.
- 173** Donnchadh, mac Sheáin Bhuidhe, Mac Carthaigh (†1726), deartháir den fhile agus easpag Chluana is Chorcaí idir 1712-26.
- 174** An tAthair Conchúr Ó Briain ‘Carn Tigheranaigh’ (†1720). File ó Chaisleán Ó Liatháin; tá déantúis dá chuid in *Párlíament na mBan*.
- 175** An tAthair Conchubhar Mac Cairteáin (†1737); sa Chúil in aice Charraig na bhFear a mhair sé. File ilghnéitheach a scríobh i nGaeilge, i Laidin agus i mBéarla. Is é a scríobh an ‘approbiato’ in *Párlíament na mBan*. Bhí sé mar oide ar Shéamas Óg Mac Coitir agus bhí dlúthbhaint aige le Baile na Speire. Níor dheartháir d’Uilliam an Dúna é mar a deirtear ar uairibh.
- 176** *Mac Conmara* Ní heol dom cé hé.
- 177** *Dochtúir Dálaigh* D’éag an tAthair Diarmaid Ó Dálaigh, sagart paróiste Ghleannúrach i mbar. Fhear Maí, co. Chorcaí i 1712, de réir William P. Burke.⁶⁵ Ní féidir a rá le haon chinnteacht an é an duine céanna atá i gceist ach níl an ceantar rófhada ó Charraig Tuathail.
- 178** *Séamas de Barra* Séamas de Barra an 4ú hIarla an Bharraigh Mhóir (1667-1778), cara is páirtí gnó do Sir Seamas Mac Coitir.
- 179** *An Sionnach* Is deacair a rá cé atá i gceist ach tugann an líne le fios go raibh baint aige leis an bhfarraige. Más Corcaíoch ab ea é bheadh an sloinne Béarla ‘Shinnick’ air. Bhí sagart leis an ainm sin, John Shinnick, san Oileán Mór i 1714, talamh a bhí i seilbh na gCoitireach.⁶⁶
- 180** *An tAthair Colmán* féach leis *Dochtúir Colmán*, l. 194. Dealraíonn go bhfuil deighilt á déanamh idir an bheirt Cholmán anseo. Is féidir a bheith láidir air gurb é Domhnall Ó Colmáin, údar *Phárlíament na mBan* atá i gceist leis an dochtúir. Deir Ó Cuív go raibh sagart leis an

64 Tá cuntas maith ar an ‘Iomarbhá’ ag Piaras Béaslaí in *Éigse Nua-Ghaedhilge I* (Baile Átha Cliath, 1930), lgh 37-46.

65 William P. Burke, *Irish Priests in Penal Times, 1670-1760* (Waterford, 1914), lch 176.

66 Burke, *Irish Priests*, lch 374.

- ainm céanna i gCnoc Rátha i 1704, ach, ní dhéanann sé talamh slán de gurbh ionann an bheirt.⁶⁷
- 185** *Dochtúir Mathghamhna* Bhíodh Diarmaid Ó Mathúna ag scríobh i bpáirt le hEoghan Ó Caoimh; ní heol dom ar shagart é, áfach.
- 187** *Dochtúir Suibhne* Deir Burke go raibh ‘Donogh Sweeny’ i Maigh Chromtha i 1712 a raibh an teideal ‘a Doctor of Sorbonne’ aige i dtuairisc. Seans gurb é an fear céanna atá i gceist.⁶⁸
- 189** *Dochtúir Dáth* Is deacair a rá cé atá i gceist anseo nuair nach bhfuil sloinne againn.
- 191** Is deacair a rá cén tÉamonn é seo.
- 193** *Dochtúir Coipinéar* Tá trácht ar ‘Francis Coppinger’ ag Burke i ré Shéarlais II, ach ní féidir a rá an é an fear céanna atá i gceist.⁶⁹
- 194** Dónall Ó Colmáin (†1704) údar *Phárlíament na mBan*. Tá sé ráite sa *Phárlíament* gur dochtúir ab ea é.⁷⁰ Is é an príomhoide a bhí ar mhac an ridire agus is dóichí gur seanchara dó ab ea é leis; ar aon chuma bhí taithí mhaith aige ar Bhaile na Speire agus orthu siúd a bhí siúlach air.
- 195** ‘Cosamhuil’ atá sa lámhscríbhinn ach leasaíodh é go ‘cosúil’ chun comhfhuaim dhúbailte a dhéanamh le ‘dochtúir’, / o ú – o ú /.
- 197** *Ó Gláimhín* Sloinne a bhaineann le Ciarraí agus Corcaigh. Tá ‘Uilliam’ curtha roimhe i lámhscríbhinn C, ach is deacair a rá cé hé.
- 198** *Donnchadh Mac Donnchaidh* De Charthaigh Dúiche Ealla ní foláir ach is deacair a rá cé acu atá i gceist.
- 199** *Eoghan Ó Caoimh* (1656-1726) Feirmeoir, file, scríobhaí agus sagart déanach ina shaol. Páirtí don fhíle a bhí lárnach i dtimpeallacht liteartha na dúiche. Díshealbhaíodh Ó Caoimh de thailte a mhuintire agus lonnair sé in aice Mhainistir na Féile mar a bhfuil an abhainn.
- 200** Tharlódh go mbeadh beirt fhilí i gceist anseo, Dónal na Buile ón gCloich Reo a cheap rann aoire ar thaistealaí c.1694, agus Domhnall na Tuile Mac Carthaigh a cheap marbhna ar Thadhg an Dúna Mac Carthaigh i 1696.⁷¹
- 203** Íosa Críost agus Dia na Glóire.

67 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, lch xl.

68 Burke, *Irish Priests*, lch 378.

69 Burke, *Irish Priests*, lch 35.

70 Ó Cuív, *Párlíament na mBan*, ll. 2322-3 agus lch xl.

71 Ó Rathaile, *Burdúin Bheaga*. Pithy Irish Quatrains, (Browne & Nolan, 1925), lgh 40, 58 agus Tadhg Ó Donnchadha agus Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille*. Second Edition. Irish Texts Society, iii (Baile Átha Cliath, 1909), lch 238.